



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive



Réigiún an Iarthair

Saotharlann an Anailísí Phoiblí

Western Region

Public Analyst's Laboratory

Tuarascáil bhliantúil 2008

Annual Report 2008



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive


**Western Region
Public Analyst's Laboratory**

Réigiún an Iarthair
Saotharlann an Anailisí Phoiblí

Annual Report 2008

Tuarascáil bhliantúil 2008

Leagan Gaeilge




DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG, 2008

BUÍOCHAS

Is achoimre é an tuarascáil seo ar obair Saotharlann an Anailísí Phoiblí le linn 2008.

Bhí an obair á dhéanamh ag tráth go raibh níos mó éileamh ar sheirbhísí agus laghdú ar acmhainní a d'éirigh as srianta san earcú foirne de bharr bearta a ghlac an FSS le forchostais a rialú.

Is mian liom buíochas a ghlacadh leis an lucht foirne as a ndúthracht agus a ndíogras le linn na bliana, tráth a raibh éilimh agus brú breise sa mhullach orthu.



Rory Mannion
Anailísí Poiblí
Lúnasa 2009

Tá an tuarascáil seo ar fail ar suíomh idirlínn and FSS (www.HSE.ie) i ngeailge agus i mbearla.
Aistriucháin deanta ag Cleas Aistriú, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe.

CLÁR

LEATHANACH

.....**Buíochas ii**

1.	RÉAMHRÁ:	1
1.1	Ról na Saotharlainne	1
1.2	Custaiméirí.....	1
1.3	Foinnsí Samplaí	1
1.4	Riarachán	1
1.5	Airgeadas	1
1.6	Athbhreithniú Saotharlainne	1
1.7	Achoimre/Buaicphointí 2008	2
1.8	Ualach Oibre	3
2.	BIA:	3
2.1	An tSeirbhís a chuirtear ar Fáil	3
2.2	Seirbhís na Saotharlainne Sábháilteachta Bia: Riachtanaisí, Forbairtí agus Athbhreithnithe	3
2.3	Torthaí ar Thástáil Bia (Ceimiceach) do 2008	4
2.4	Ábhar Salaithe Bia 2008	7
2.5	Comhdhéanamh/Cothú, Lipéadú, Breiseáin srl 2008	11
2.6	Samplaí de Ghearáin	13
2.7	Tuarascálacha ar Fholáirimh agus Guaiseanna/Éilliú Bia.....	14
2.8	Torthaí agus Treochtaí na blianta roimhe seo	14
3.	UISCÍ/EISILTIGH:	15
3.1	Réamhrá	15
3.2	Foinnsí na Samplaí 2008	15
3.3	Fluairídiú Soláthairtí Uisce Poiblí	15
3.4	Luaidhe i Soláthar Uisce Poiblí na Gaillimhe	15
3.5	Trihalaiméatáin (THM's)	16
3.6	Alúmanam	17
3.7	Arsanaic	17
3.8	Uisce Haema-scagdhealaithe	17
3.9	Samplaí Príobháideacha.....	17
4.	COMHSHAOL:	18
4.1	Monatóireacht ar Aerthruailliú	18
5.	SAOTHARLANN CÓGAIÓSCHA:	19
5.1	SAOTHARLANN TOCSAINEOLAÍOCHTA.....	20
6	COSMAIDÍ	21
6.1	Reachtaíocht Cosmaidí.....	21
6.2	Forfheidmiú ar Reachtaíocht na gcosmaidí san FSS	21
6.3	Torthaí do 2008	22
7.	TÁSTÁIL ILGHNÉITHEACH	25
8.	CREIDIÚNÚ SAOTHARLAINNE	26
8.1	Creidiúnú	26
8.2	Tastáil Inniúlachta	26
9.	OILIÚINT FOIRNE	27
10.	CRUINNITHE/COISTÍ srl	28
11.	TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE	28
Aguisín 1	Clár Samplála/Anailísiú Bia 2008.....	29
Aguisín 2	Tábla Torthaí Catagóirí Bia – Sáruithe srl.....	31
Aguisín 3	Príomhfhairéachas Oifigiúil Earraí Bia	32
Aguisín 4	Torthaí Bliantúla 1997 –go dtí 2008 – Ábhar Salaithe Bia srl.....	33
Aguisín 5	Torthaí Fluairíde	34
Aguisín 6	Táblaí don Aerthruailliú & Torthaí PM10 do 2008	37
Aguisín 7	Lucht Foirne	39

I. RÉAMHRÁ

I.1 Ról na Saotharlainne.

Soláthraíonn Saotharlann Anailísí Phoiblí Réigiúnach na Gaillimhe seirbhís neamhspleách, cheimiceach, anailíseach agus chomhairleach atá eolaíochtbhunaithe a dhéanann monatóireacht ar bhia, uisce, táirgí cógaisíochta, cosmaidí, tocsaineolaíocht agus aerthruaillíú. Tá Saotharlanna Anailísithe Poiblí lonnaithe freisin i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.

Is é ár bpríomhról ná Cosaint ar Shláinte an Phobail.

I.2 Custaiméirí.

Tá custaiméirí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ag an saotharlann.

Áiríonn na custaiméirí áitiúla na hOifigí Sláinte Comhshaoil áitiúla, daoine príobháideacha, tionscail áitiúla, ospidéal áitiúla agus Údarás Áitiúla na Gaillimhe. Go réigiúnach, soláthraíonn an saotharlann seirbhís do FSS an Iarthair, a áiríonn an réigiún geografach ó Dhún na nGall go Luimneach/Tiobraid Árann Thuaidh, agus d'údarás áitiúla sa gceantar sin. Is iad na custaiméirí Náisiúnta is mó atá againn ná Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann, Bord Leigheasra na hÉireann agus Ranna Rialtais (m.sh. Sláinte agus Leanaí; Talmhaíocht, lascaigh agus Bia; Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha).

I.3 Foinnsí Samplaí.

Tá conradh ag an saotharlann le hanailís a dhéanamh ar shamplaí bia a fhaightear isteach ó Oifigí Sláinte Comhshaoil ar son Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann. Chomh maith leis sin, faightear samplaí bia isteach go díreach ó Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann le haghaidh suirbhéanna speisialta, agus ón Údarás Cosanta lascaigh Mhara, ó Thionscal Áitiúil agus ón bPobal go Ginearálta.

Faightear samplaí uisce isteach ó Oifigí Sláinte Comhshaoil ar son Údarás Áitiúla. Faightear samplaí freisin ón bpobal i gcoitinne, ó thionscal áitiúil agus ospidéal agus go díreach ó Údarás Áitiúla.

Tugtar conradh don saotharlann le hanailís a dhéanamh ar tháirgí cógaisíochta ó Bhord Leigheasra na hÉireann do



chriocha faireachais agus forfheidhmiúcháin. Soláthraítear seirbhís freisin do Chumann Cógaiseoirí na hÉireann agus don Roinn Sláinte agus Leanaí.

Tagann samplaí de chosmaidí isteach óna Oifigí Sláinte Comhshaoil mar chuid de chlár faireachais agus ó Bhord Leigheasra na hÉireann freisin.

Tagann samplaí d'anailís tocsaineolaíoch isteach ó Phaiteolaithe áitiúla agus Lianna Ospidéal agus freisin ó Thréidlianna agus ón bpobal go ginearálta.

Déanann an saotharlann monatóireacht ar thruaillíú aeir ar son Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Déantar tástáil freisin ar shamplaí ilghnéitheacha eile le haghaidh raon éagsúla comhdhúil.

I.4 Riarachán.

Is iad an Stiúrtóireacht um Chúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach atá laistigh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá i mbun riarachán na saotharlainne.

I.5 Airgeadas.

Buiséad €3.09 milliún euros a bhí ar fáil don saotharlann i 2008.

Clúdaíonn sé seo na costais pá agus neamhphá uilig. Thóg an saotharlann €199,453 isteach mar ioncam. D'fheidhmigh an saotharlann laistigh den bhuiséad le barrachas de €18,370.

I.6 Athbhreithniú Saotharlainne.

Cuireadh tús i 2007 le hathbhreithniú Náisiúnta ar Shaotharlanna na nAnailísithe Poiblí agus ar shaotharlanna Micribhitheolaíochta an tSláinte Phoiblí

agus bhí sé críochnaithe ag deireadh 2008. Áirítear ar chuid de bhaill an ghrúpa athbhreithniúcháin bhí ionadaithe ó Shaotharlanna na nAnailísithe Poiblí, ó Shaotharlanna Micribhitheolaíochta an tSláinte Phoiblí, agus bainisteoirí sinsearach a ó Shláinte an Daonra, Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach agus ó Oifig Náisiúnta na nOspidéal. Seo mar a bhí téarmaí tagartha an athbhreithnithe:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na láidreachtaí, laigí, deiseanna agus constaicí atá ann faoi láthair i seachadadh seirbhísí na saotharlainne ag áireamh athbhreithniú ar na struchtúir, socruithe tuarascála agus acmhainní reatha;;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chaidreamh reatha an líonrú inmheánach agus seachtrach agus ar an deis iad seo agus caidrimh eile a fhorbairt amach anseo chun cur le seachadadh na seirbhíse;
- Cumraíocht a mholadh do sheachadadh cuí agus inmharthana ar na seirbhísí seo laistigh den FSS.

Foilsíodh an tuarascáil deiridh i mbliana ina ndéantar na moltaí seo a leanas:

MOLADH 1

Seirbhís Saotharlainne aontaithe agus comhtháite a bhunú a thabharfadh na disciplíní reatha ceimice agus micribhitheolaíochta le chéile i Saotharlanna na nAnailísithe Poiblí agus sna Saotharlanna Oifigiúla um Micribhitheolaíocht Bia.

MOLADH 2

Post lánaimseartha do Stiúrthóir ar Shaotharlann Náisiúnta Eolaíochta a chruthú ar mhaithe le seirbhís náisiúnta éifeachtach a chomhordú, a fhorbairt agus a sheachadadh ar bhonn leanúnach. Ceann de na príomhrudaí a bheadh i gceist leis an bpost ná bheith in ann an caipiteal agus na hacmhainní cuí a aithint agus a aimsiú chun moltaí an Ghrúpa Athbhreithniúcháin a chur i bhfeidhm. Sa tréimhse suas go dtí ceapachán Stiúrthóir na Saotharlainne Náisiúnta Eolaíochta bhunófaí grúpa ionadaíoch feidhmiúcháin sealadach do na saotharlanna agus limistéar seirbhíse FSS cuí chun moltaí na tuarascála seo a bhrú chun cinn..

MOLADH 3

Nuair a aontaítear ar na bearta coimirce riachtanacha uilig, (m. sh. acmhainní curtha ar leataobh, úinéireacht áitiúil ar

sheachadadh seirbhíse, leanúnachas sna seirbhísí tacaíochta áitiúla) ba cheart do na saotharlanna FSS aistriú chuig an limistéar seirbhíse FSS is feiliúnaí..

MOLADH 4

Go rachfaí i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir le theacht ar an rogha is fearr do sholáthar seirbhísí saotharlainne i gCeantar Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath.

MOLADH 5

Grúpa Oibre a bhunú le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir foirne na saotharlainne i gcomhthéacs seirbhís saotharlainne aontaithe agus comhtháite. Ba cheart é seo a dhéanamh i gcomhar le foireann na saotharlainne, ceardchumann, an FSS agus an Ghníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhísí Sláinte.

MOLADH 6

Grúpa oibre TFC/LIMS Saotharlainne a bhunú ag a mbeadh téarmaí tagartha sainmhínithe go soiléir.

MOLADH 7

Grúpa oibre um Chóiríocht a bhunú ag a mbeadh téarmaí tagartha sainmhínithe go soiléir.

Leanann an t-athbhreithniú seo ar aghaidh ón **“Athbhreithniú Forbartha Straitéiseach ar Shaotharlanna Rialú Bia na mBord Sláinte”** a bhí coimisiúnaithe ag an Roinn Sláinte & Leanaí agus a foilsíodh i 2004. Níor cuireadh na moltaí sa tuarascáil sin i bhfeidhm fós.

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí meicníocht in áit chun na moltaí thuas a chur i bhfeidhm. Mura dtarlóidh sé sin, ní bhainfear amach na buntáistí bunúsacha agus beidh go leor ama agus iarrachtaí curtha amú.

1.7 Achoimre/Buaicphointí 2008.

Bhí bliain ghnóthach ag an saotharlann i 2008. Chuaigh an tástáil a bhí leagtha amach do bhianna, uisce, cógais, cosmaidí srl ar aghaidh mar is gnáth. Ba chúis imní ar leith i 2008 an ráta truaillithe cuíosach ard a fuarthas i gcosmaidí áirithe, go mórmhór i gcosmaidí saora iompórtáilte a bhíonn ar an margadh do pháistí (féach Cuid 6 den Tuarisc). Bhí gá le dianscrúdú freisin ar an truailliú Luaidhe (Pb) a bhí i soláthar uisce poiblí na

Gaillimhe (féach cuid 3.4). Rinneadh tástálacha breise i 2008 mar gheall ar cheisteanna seo na Miotail Throma thuasluaite.

Is léir go bhfuil tábhacht mhór ó thaobh sláinte poiblí leis an obair atá déanta leis an méid salainn i mbia a laghdú (féach Cuid 2.5).

Dearbhaíodh ról na Saotharlainne Cógaisíochta mar Shaotharlann Oifigiúil um Rialú Cógas, tar éis toradh dearfach bheith ar an iniúchadh a rinne Bord Leigheasra na hÉireann orthu in Aibreán 2008 (féach Cuid 5).

Tá roinnt athbhreithnithe éagsúla á ndéanamh faoin saotharlann seo faoi láthair (féach Cuid 1.6 agus 2.2.2). Go príomha, is éard a theastaíonn anseo ná comhordú náisiúnta níos fearr ar an tseirbhís/na seirbhísí tástála.

1.8 Ualach Oibre.

Tá cheithre phríomhrannóg sa saotharlann,

- Bia,
- Monatóireacht Uisce/Comhshaoil agus Aeir,
- Cógaisíocht/Tocsaineolaíocht,
- Ginearálta/Riarachán.

Seo mar a bhí líon na samplaí a tástáladh le linn 2008:

Bianna	2,706
Uiscí	11,855
Cógaisíocht	119
Tocsaineolaíocht	202
Cosmaidí	221
Monatóireacht Aeir	865
Ilghnéitheach	45
Iomlán	16,013

2. BIA

2.1 An tSeirbhís a Chuirtear ar Fáil.

Déantar monatóireacht oifigiúil ar bhia inár réigiún (FSS Thiar) ó thaobh sábháilteacht cheimiceach agus caighdeán, agus freisin ó thaobh comhlíonadh reachtúil. Is iad Oifigigh Sláinte Comhshaoil (OSCanna) an FSS agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI, www.fsai.ie) ár bpríomhchliant, -féach Tábla I (foinsí samplaí).

Déantar tástáil d'ábhar salaithe, breiseáin, ailléirginí, cothaithe, comhdhéanamh agus lipéadú srl.

Déantar tástáil freisin ar Ghearáin Bia Príobháideach agus ar shamplaí Deimhniúchán Easpórtála Bia do thionscal agus don phobal. Tugtar faoi roinnt tionscnamh i dtaighde feidhmeach i gcomhar le Safefood, www.safefood.eu.

Déileálann oifigigh údaraithe (OSCanna) agus Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann mar is cuí le cásanna neamh-chomhlíonta a bhíonn braite i samplaí..

2.2 Seirbhís na Saotharlainne Sábháilteachta Bia:

2.2.1 Sampláil agus Anailís ar Bhia: gné riachtanach den tSábháilteacht Bia.

Tá Cosaint an tSoláthair Bia tábhachtach mar gheall ar Shábháilteacht Bia, Cosaint Tomhaltóirí, ag cinntiú Comhlíonadh Reachtúil agus ag éascú Trádáil. Is féidir gníomhaíochtaí na Sábháilteachta Bia a rangú mar Frithghníomhach nó Coiscteach. Tá tástáil ar bhia i gcásanna frithghníomhacha (foláirimh, gearáin, ráigeanna bia srl) fíorthábhachtach le foinse an truaillíú a aithint agus a fháil. Cinntíonn gníomhaíochtaí coiscteacha nach n-úsáidtear agus nach dtáirgítear bia nach bhfuil sábháilte ná bia ar ísealchaighdeán. Is iad na bearta coiscteacha (uathrialú, HACCP srl) sábháilteachta bia a ghlacann an tionscal bia an príomhbhealach atá ann le sábháilteacht bia a chinntiú.

I measc na mbealaí atá ar fáil do na Forais Oifigiúla um Shábháilteacht Bia le súil a choinneáil ar an soláthar bia, tá:

- Oideachas, Comhairle & Idirghabháil leis an tionscal bia agus leis na tomhaltóirí;
- Sábháilteacht Bia a Chur chun Cinn: ag cothú cultúr sábháilteachta bia;
- Cruthú agus Forfheidhmiú Reachtaíochta

Baineann gach údarás náisiúnta sábháilteachta bia méid



áirithe úsáid as na gníomhaíochtaí idircheangailte soiléir atá luaite thuas. Is é an píosa is mó a mbíonn an FSS ag plé leis ó thaobh na sábháilteachta bia de ná an forfheidhmiú reachtaíochta. Dhá bhealach suntasach le sábháilteacht bia a chinntiú agus monatóireacht a dhéanamh air trí fhorfheidhmiú oifigiúil reachtaíochta ná:

- **Monatóireacht a dhéanamh ar na córais sábháilteachta bia ina n-iomláine** agus ar na hoibríochtaí go léir (HACCP srl) atá leagtha síos don tionscal bia (gach staid den slabhra bia). Déantar é seo trí scrúdú agus iniúchadh, agus trí fhéachaint an bhfuiltear ag cloí le riachtanais reachtúla ginearálta agus ar leith atá ann, go háirithe riachtanais sláinteachas bia;
- **Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar chaighdeán an bhia** trí anailís saotharlainne. Déantar monatóireacht ar shamplaí féachaint an bhfuiltear ag cloí le caighdeán reachtúla áirithe sábháilteachta agus le critéir ghinearálta sábháilteachta agus déantúis.

Níl aon reachtaíocht ná treoirlínte ann a mholann an céatadán acmhainní/buiséad iomlán d'fhorfheidhmiú dlí bia gur cheart a dháileadh ar chaon cheann de na rudaí thuas; bíonn béim ag tíortha éagsúla ar ghnéithe éagsúla. Bíonn leibhéil éagsúla comhordaithe ach go háirithe ag ballstáit éagsúla AE idir a gcláir iniúcháireachta agus a gcláir samplála/anailís bia. Tá an dá mheicníocht thuas i leith sábháilteacht bia comhlántach agus sineirgísteach. Tá reachtaíocht fhairsing ann faoina gclúdaítear teorainneacha ábhar salaithe, breiseáin, cothaithigh srl i mbia. Tá go leor cineálacha bia ar fáil don tomhaltóir

anois freisin. Go praiticiúil, ní féidir tosaíocht a thabhairt ná tástáil a dhéanamh ach ar chéatadán beag áirithe de theaglamaí na bparaiméadar tástála/grúpaí bia (féach Clár Samplála Anailísiú, - Cuid 2.3.1).

2.2.2 Seirbhís Saotharlainne Sábháilteachta Bia – Forbairtí & Athbhreithnithe srl.

Tá Seirbhís Saotharlainne Sábháilteachta Bia á chur ar fáil ag an FSS trína 7 Saotharlann Oifigiúil Micribhitheolaíochta Bia agus a 3 Saotharlann Anailísithe Poiblí. I mí Iúil 2004 foilsíodh tuarascáil dar teideal: “Strategic Developmental Review of Health Board Food Control Laboratories (safefood 2004)” , <http://www.safefood.eu/Global/Publications/Research%20reports/StrategicDevelopmentReviewOfHealthBoardFoodControlLaboratories.pdf?epslanguage=en>. Tá 16 moladh sa tuarascáil a áiríonn, inter alia: na saotharlanna a nascadh le chéile le go mbeadh Seirbhís Saotharlainne um Shábháilteacht Bia aontaithe agus ilsuíomhach ann. Níl na moltaí curtha i bhfeidhm fós, ach táthar ag déileáil le roinnt gnéithe den tuarascáil in Athbhreithniú Náisiúnta an FSS ar Saotharlanna na nAnailísithe Poiblí agus Saotharlann Micribhitheolaíochta an tSláinte Phoiblí (féach Cuid 1.6 thuas).

Is iad an Grúpa um Nuachóiriú Seirbhísí Saotharlainne (FSS) atá i mbun an tríú Athbhreithniú a bhaineann leis an saotharlann seo. Bunaíodh an grúpa seo i ndiaidh Thuarascáil Obair Foirne 2008 (http://hse.ie/eng/Publications/services/Hospitals/Teamwork_report_Implementing_a_new_system_of_service_delivery_for_laboratory_medicine_services.pdf) a bhí dírithe ar nuachóiriú na seirbhíse saotharlainne cliniciúil in Éirinn.

Taobh amuigh de sin, cuireadh tús le hathbhreithniú i 2008 ar Shampláil & Anailísiú Bia san FSS, faoi mar a bhí aontaithe sa gConradh Seirbhíse idir ÚSBÉ agus an FSS. Tá Saotharlanna Bia an FSS, na hOifigigh Sláinte Comhshaoil agus an ÚSBÉ ag glacadh páirt san athbhreithniú.

Forbairt eile atá i Seirbhís na nAnailísithe Poiblí ná go bhfuil na 3 saotharlann ag tabhairt na speisialtóireachtaí tástála agus na príomhfheidhmeanna tástála a forbraíodh sna cúpla bliain atá caite ina chéile ar bhonn níos foirmiúla.

2.3 Torthaí ar Thástáil Bia (Ceimiceach) do 2008.

2.3.1 Clár Réigiúnach Faireachas Ceimiceach 2008.

Cuireann Coistí Réigiúnacha Bia, lena n-áirítear seirbhísí OSC agus Saotharlanna, Cláir Réigiúnacha Faire Bia (Ceimiceach), le chéile a bhíonn comhordaithe go náisiúnta, i gcomhar le hÚdarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann. Is é Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann an Lár-Údarás Inniúil Náisiúnta i leith forfheidhmiú an dlí bia in Éirinn. Tá saineolas ildisciplíneach ag an Údarás i sábháilteacht bia sna réimsí Eolaíocht Bia agus Tocsaineolaíocht, Anailís Riosca, Sláinte Poiblí agus Iniúchadh ar Bhia srl. Chomh maith leis sin, tá an ÚSBÉ ar an riar maith coistí agus grúpaí oibre AE a bhíonn ag déileáil le sábháilteacht cheimiceach (ábhar salaithe, breiseáin srl) earraí bia. Bíonn an ÚSBÉ i mbun an Phlean Ilbhliantúil Náisiúnta um Rialú atá ag Éirinn ina n-áirítear gnéithe faireachais bia


Cuireann an ÚSBÉ liosta de thosaíochtaí um fhaireachas/tástáil cheimiceach rioscabhunaithe ar fáil chuile bhliain. Soláthraíonn na tosaíochtaí seo, mar aon leis na riachtanais shamplála réigiúnacha a d'aithin an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil (OSCanna), an bunús do na Cláir Réigiúnacha um Shampláil/Anailísíú Bia (Ceimiceach). Is dúshlán ar leith é na cláir a chur le chéile anois mar gheall ar an méid ollmhór earraí bia atá ar fáil agus ar an líon paraiméadar don tástáil cheimiceach. Tá an faireachas ceimiceach atá leagtha amach ag FSS an Iarthair do 2008 léirithe in Aguisín 1..

2.3.2 Torthaí do 2008.

Deineadh na suirbhéanna uilig a bhí leagtha amach do 2008, cé nár tháinig an oiread samplaí isteach (2,706) agus a bhíodas ag ceapadh a thiocfadh (thart ar 3,000 go dtí 3,200), bhí líon na samplaí cláraithe agus na cinn neamhchláraithe anuas. Léiríonn an Figiúr thíos an 'staid' ag ar thóg Oifigigh Sláinte Comhshaoil Réigiún an Iarthair samplaí (níl gearáin san áireamh) i 2008.



Torthaí do 2008



Tógadh formhór na samplaí (71.58%) ag leibhéal miondíola.

Tuarascálacha Dímholta (mar % de na samplaí anailísithe, gan gearáin a áireamh)

Bliain	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000
%	7.4	8.3	5.4	4.7	5.0	4.5	5.1	4.2	5.1

2.3.3 Staitisticí do 2008.

Tá daonra de 1,010,690 (daonáireamh 2006) sa réigiún a chlúdaíonn an saotharlann, sé sin FSS an Iarthair, agus tástáladh 2,706 sampla bia i 2008 sin 2.68 in aghaidh gach 1,000 den daonra. Bhí 126 gearán i gceist sna samplaí [féach 2.6] agus 2,580 eile. Amach as na 2,580 thuas, eisíodh tuarascálacha dímholta (sé sin, torthaí tástálacha a léirigh sárú ar Dhlí Bia na hÉireann) ar 192 (7.4%); cuirtear an figiúr seo de 7.4% i gcomparáid le figiúirí do bhlianta roimhe sin.

As na 192 sárú, bhain 138 acu le heaspa sa lipéadú, i samplaí ó áitribh eitneacha, mhiondíola den chuid is mó. Tá achoimre, ó thaobh gearáin agus samplaí eile, tugtha in Aguisín 2 ar chatagóirí na n-earraí bia agus ar sháruithe.

Tá achoimre thíos i dTáblaí 1 agus 2 ar obair 2008 de réir réigiún agus foinse samplála.

2.3.4 Achoimre Iomlán ar Thorthaí agus Caighdeán Bia 2008.

Deineadh raon leathan tástálacha i 2008 i leith 'faireachas' ar ábhar salaithe/breiseáin/lipéadú srl agus ar chothú sláinte poiblí salann, aigéad fólach). Tá tuairisc na dtorthaí tugtha de réir paraiméadar i gcoda 2.4 go dtí 2.7 thíos, agus achoimrí tugtha in Aguisíní 2 agus 4. Tháinig laghdú i 2008 ar líon na samplaí a sháraigh na teorainneacha do Aflatocsainí agus Beinzi-[a]-Piréin (féach Aguisín 4). Bhí roinnt cásanna éilliú bia ann, faoi mar a bhí sna blianta roimhe sin, agus dhéileáil na hOifigigh Sláinte Comhshaoil agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leo seo.

Tábla 1 Foinse na Samplaí Bia (2008)

Curtha isteach ag/Cineál Sampla	Líon Samplaí	Líon ar eisíodh Tuarascálacha Dímholta
Oifigigh Sláinte Comhshaoil (FSS an Iarthair)		
Gnáthamh Neamhfhoirmiúil (Clár Samplála)	1825	184
Poiblí (Gearáin Bia trí OSCanna)	115	63
Samplaí don Iniúchadh (neamhchláraithe)	44	3
Samplaí leantacha (neamhchláraithe)	47	1
An Pobal Ginearálta		
Gearáin	11	6
Eile	71	2
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	324	0
An Ghníomhaireacht um Chosaint Iascaigh Mhara	7	2
Institiúid Mara	40	0
DC Saotharlainne & Forbairt ar Mhodhanna srl	77	0
Deimhniúchán Easpórtála	145	0
MÓRIOMLÁN	2,706	261

Tábla 2 Foinsí Samplaí Bia FSS an Iarthair (2008)

Cúram PobailLimistéar Contae Seirbhís OSC	Líon na Samplaí curtha isteach	Líon in aghaidh gach 1,000 daonra*
Gaillimh	486	2.10
Maigh Eo	190	1.54
Ros Comáin	86	1.47
An Clár	173	1.56
Luimneach	316	2.33
Tiobraid Árann Thuaidh/Luimneach Thoir	171	1.49
Dún na nGall	378	2.57
Sligeach/Liatroim/Iarthar an Chabháin	231	2.54

Bhí níos lú samplaí truaillithe ann ar an iomlán i 2008. Chomh maith leis sin, tá laghdú fanta ar líon na samplaí gearáin faoi bhia i gcomparáid le blianta roimhe seo (féach 2.6 thíos). Eisíodh 7 dTuarascáil Guaise/Éilliúcháin (féach 2.7).

Léiríonn na mórthorthaí atá tuairiscithe anseo do 2008 leibhéal sách íseal éilliúcháin, agus ardchaighdeán bia go ginearálta inár réigiún.

Nóta: Tá córas il-ghníomhaireachta in Éirinn i leith faireachas oifigiúil bia – féach an léiriú in Aguisín 3. Féach Tuarascálacha Bliantúla ÚSBÉ, www.fsai.ie agus tuarascálacha na ngníomhaireachtaí (an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia, an Roinn Cumarsáide, Fuinneamh agus Acmhainní Nádirtha, Údarás Áitiúla, FSS srl) atá páirteach i rialú oifigiúil bia.

2.4 Ábhar Salaithe Bia.

2.4.1 Ginearálta.

Déantar monatóireacht ar ábhar salaithe agus ar iarmhair cheimiceacha i mbia ó thaobh sábháilteacht an bhia, comhlíonadh reachtaíochta agus cosaint/dearbhu do thomhaltóirí; is féidir iad a rangú go ginearálta mar seo a leanas:

- Tocsain Nádirtha (fungasach, algach, baictéarach, tocsain nádúrtha plantain & ainmhithe);
- Ábhar Salaithe Tionsclaíoch/Comhshaoil (Melamine, Miotail Throma, Dé-Ocsainí srl);
- Ábhar Salaithe Próiseála Bia (Aicriolaimíd, Beinzi-[a]-Piréin srl);
- Ailléirginí (m. sh. Próitéin Pis Thalún, glútan srl);
- Iarmhair Chóireála Plantain agus Ainmhithe (Lotnaidicídí, Antaibheathaigh srl).

Ciallaíonn comhordú náisiúnta ar fhaireachas ábhar salaithe in Éirinn go ndéantar monatóireacht náisiúnta ar go leor den ábhar salaithe/iarmhair mar speisialtóireachtaí i saotharlanna singil. Léiríonn an tástáil a bhfuil cur síos air sa tuarascáil seo na tosaíochtaí ábhar salaithe a d'aithin FSS an Iarthair agus ÚSBÉ.

- Nótaí: (i) Cuireann Gníomhaireachtaí Oifigiúla Eile agus ÚSBÉ (féach Aguisín 3 agus www.fsai.ie) tuairiscí le chéile freisin faoi ábhair salaithe & iarmhair i mbia. Cuireann Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh (Teagasc) Bunachar Sonraí Náisiúnta um Iarmhar Bia ar fáil go bliantúil d'Éirinn. (féach <http://nfrd.teagasc.ie/>)
- (ii) Tá sonraí faoi éilliú Micribitheolaíoch bia le fáil i dtuarascálacha de chuid na Saotharlanna Oifigiúla um Micribitheolaíocht Bia, i dtuarascálacha Ranna/Gníomhaireachtaí eile (féach Aguisín 3) agus i dtuarascálacha ÚSBÉ (www.fsai.ie).
- (iii) Cuireann an ÚSBÉ forbheathnuithe nuashonraithe rialta le chéile faoi Reachtaíocht AE agus na hÉireann ar Ábhar Salaithe Bia.

2.4.2 Ábhar Salaithe Bia – Rialachán AE 1881/2006 (& 1126/2007, arna leasú).

Leagan Rialachán AE 1881/2006 síos teorainneacha do raon ábhar salaithe ceimiceacha i mbia. Tá achoimre i dTábla 3 thíos ar thástáil ábhartha a bhí déanta anseo i 2008.

Tábla 3: Ábhar Salaithe Bia Rialachán AE 1881/2006, Príomhthástáil i 2008

Ábhar Salaithe	Teorainneacha	Cineálacha Samplaí	Iomlán	Comhlíonadh	Neamh chomhlíonadh
Aflatocsainí¹ (B₁, 2, G_{1,2})	2.0µg/kg (B ₁) 4.0µg/kg (Iomlán)	Cnónna	69	69	0
		Im Phis Talún	21	21	0
		Rís	18	17	1
		Torthaí Tirim	13	13	0
		Min Bhuí & táirgí Min Bhuí	10	10	0
		Eile	18	18	0
Fo-iomlán Aflatocsainí			149	148	1
Fumainisín² (B_{1,2})	1,000 µg/kg	Min Bhuí & táirgí Min Bhuí	8	7	1
	800 µg/kg	Gránaigh/Sneiceanna Bricfeasta Min Bhuí	1	1	0
	-	Rís Basmati	1	1	0
Luaidhe³ (Pb)	0.8mg/dm ² or 4.0mg/L	Cré-earraí boird	35	35	0
	0.3 to 1.5mg/kg	lasc & táirgí éisc	82	82	0
	0.05mg/kg	Bunús Deochanna	132	132	0
	1.0mg/kg (Beartaithe ag an AE)	Forlíonta Bia	29	29	0
	0.020mg/kg	Bainne Foirmilí do Naíonáin	15	15	0
	0.10mg/kg	Feoil & Táirgí Feola	13	13	0
	10.0µg/L	Uisce	89	89	0
	0.20mg/kg	Rís	43	43	0
	-	Torthaí, cnónna, Gránaigh srl.	13	11	2
	-	Ilghnéitheach	61	61	0
Fo-iomlán Luaidhe (Pb)			512	510	2
Caidmiam³ (Cd)	0.07mg/dm ² or 0.3mg/L	Cré-earraí boird	35	35	0
	0.05 to 1.0mg/kg	lasc & táirgí éisc	83	83	0
	-	Bunús Deochanna	132	132	0
	0.5mg/kg (Beartaithe ag an AE)	Forlíonta Bia	29	29	0
	-	Bainne Foirmilí do Naíonáin	15	15	0
	0.05 to 1.0mg/kg	Feoil & Táirgí Feola	13	13	0
	5.0µg/L	Uisce	89	89	0
	0.20mg/kg	Rís	43	43	0
	-	Torthaí, cnónna, Gránaigh srl.	12	12	0
	-	Ilghnéitheach	61	61	0
Fo-iomlán Caidmiam (Cd)			512	512	0
Mearcair³ (Hg)	0.50 to 1.0mg/kg	lasc & táirgí lascaigh	3	3	0
	-	Uisce	20	20	0
Fo-iomlán Mearcair (Hg)			23	23	0
Beinzi-[a]-Piréin⁴	2.0µg/kg (Ola)	Bia & Forlíonta Ola srl	42	42	0
	2.0µg/kg; 5.0µg/kg	lascaireacht	27	27	0
	2.0µg/kg	Olaí ilghnéitheacha	27	27	0
	2.0µg/kg	lasc Stánaithe in Ola	19	19	0
Fo-iomlán Beinzi-[a]-piréin			115	115	0
3-MCPD⁵	0.02 mg/kg (Anlainn Soighe & H.V.P)	Anlainn Soighe (13) Anlainn eile, blastáin, meascáin d'anlainn, srl (17)	30	30	0
Níotráit	Tagair don Aguisín Rialacháin Alt I	Leitís (2) Glasraí Glasa Meascha. (1)	3	3	0

Féach nótaí ar leathanach 9.

- ¹ Is tocsainí fungail ad aflatocsainí gur féidir leo salú cnóanna go háirithe óna tropaicí.
- ² Is tocsainí fungail ad fumonsaí gur féidir leo salú bíanna deanta o arbhúr.
- ³ I gcás sonraí an AE i leith baol ó Mhiotail Throma (As, Cd, Pb & Hg) féach Tuarascáil SCOOP an AE http://ec.europa.eu/food/food/chemicalsafety/contaminants/scoop_3-2-11_heavy_metals_report_en.pdf
- ⁴ Is hidreacarbón iltimthriallach aramatach (PAH) é beinzi [a] piréin a d'fhéadfadh bianna deataithe/dóite a éilliú. Féach tuarascáil PAH an AE ag http://ec.europa.eu/food/food/chemicalsafety/contaminants/scoop_3-2-12_final_report_pah_en.pdf
- ⁵ D'fhéadfadh 3-MCPD, 3-monochloropropanediol, bianna aigéad-hidrealaithe, ag áireamh anlainn soighe a éilliú.



Is carcanaigin géinthocsaineach é Aflatocsain B₁ a d'fhéadfadh cnónna, torthaí tirim srl a éilliú. Tá brath ag leibhéal calafoirt ar **Aflatocsainí** i mbia iompórtáilte ar cheann de na foinsí is coitianta d'Fhógraí Mear-Rabhaidh an AE (féach Cuid 2.7). I 2008, ní raibh ach sampla amháin den 149 sampla (0.7%) a tástáladh anseo, sin rís basmatí, a raibh an iomarca Aflatocsain B₁ (4.5µg/kg) ann. Tá ÚSBÉ agus an FSS ar tí an fócas den sampláil aflatocsainí a athrú ón leibhéal miondíola go dtí bulciompórtáil agus leibhéal mórdhíola; d'fhéadfadh baint a bheith aige seo leis an líon íseal samplaí neamh-chomhlíonta a fuarthas i 2008.

De bharr iarrachtaí a tugadh fúthu, reachtaíocht san áireamh, le smacht a choinneáil ar risíocht an duine do **Mhiotail Throma** tá laghdú tagtha ar an méid daoibh a itheann daoine. I gcás cré-earraí a bhíonn i dteagmháil le hearraí bia tá uasleibhéal leagtha amach do Luaidhe agus Caidmiam de réir Treoir 84/500/EC ón gComhairle. Deineadh staidéar i 2008 ar 35 cré-earra bia le haghaidh Luaidhe agus Caidmiam agus ní raibh aon sampla acu truaillithe. Tástáladh 15 bainne foirmilí náionán freisin i 2008 do mhiotail throma éagsúla agus ní raibh aon cheann acu truaillithe.

Bhíothas ábalta de bharr infhaighteacht ICP-MS tús a chur le hiniúchtaí ar anailís bianna le haghaidh miotail seachas Luaidhe, Caidmiam, Arsanaic agus Mearcair. Scrúdaíodh 89 sampla éagsúil d'uisce buidéal le haghaidh 12 ábhar salaithe miotalach, ní raibh an iomarca in aon cheann acu.

D'fhéadfadh **Beinzi-[a]-piréin**, carcanaigin géinthocsaineach, a bheith i mbia deataithe/dóite. Níor bhfuarthas leibhéal ró-ard in aon cheann de na 115 sampla a tástáladh i 2008, rud a léiríonn íslíú sna leibhéil le blianta anuas. Braitheadh go raibh leibhéal ardaithe Beinzi-[a]-piréin (68µg/kg) i sampla amháin forlíonadh bia (propolis). Faoi láthair áfach níl aon teora reachtach ann ó thaobh forlíonta bia, ach níltear ag súil le risíocht ródhona mar go mbíonn an ionghabháil (propolis) íseal go ginearálta.

2.4.3 Ábhar Eile Salaithe Bia srl.

Tá achoimre i dTábla 4 thíos ar thástáil a bhí déanta anseo ar ábhar salaithe srl i 2008 seachas iad siúd atá clúdaithe i Rialachán CE Uimh. 1881/2006.

Tá an próitéin **Glútan** atá i gcruithneacht, in eorna, i seagal agus ina meascán crosantach, nimhiúil do chéiliaigh. Leagan CODEX agus Rialachán CE Uimh 41/2009 síos teorainneacha mar seo a leanas:

- 100 mg/kg do bhianna atá “an-íseal i nglútan”, ina bhfuil comhábha(i)r amháin nó níos mó le glútan iontu, agus próiseáilte le glútan a laghdú (is féidir na táirgí seo a lipéadú “saor ó ghlútan” má bhíonn níos lú ná 20mg/kg glútan iontu).
- 20mg/kg do bhianna atá saor ó ghlútan go nádúrtha.

Tá tuairisc faoi Bhianna atá Saor ó Ghlútan curtha le chéile ag Grúpa Oibre ÚSBÉ, - féach

<http://www.fsai.ie/assets/0/86/204/4a70f71b-7c15-4e72-bd6f-c85deba481de.pdf>.

Tábla 4: Ábhar Eile Salaithe Bia/larmhair: Achoimre ar Thorthaí do 2008.

Ábhar Salaithe	Teora (inneacha) (Foinse dleathach)	Cineálacha Samplaí	Iomlán	Comhlíonadh	Neamh chomhlíonadh
Bith-thocsainí Mara¹	Cinnidh AE 2002/225/CE & 2002/226/CE				
Tocsainí DSP²	160 µg/kg	Diúilicíní, Oisrí, Breallach	20	20	0
Tocsainí AZA³	160 µg/kg	Diúilicíní, Oisrí, Breallac	20	20	0
Tocsainí ASP⁴	20 mg/kg	Mar atá thuas	36	36	0
Glútan (samplaí OSC)⁸	200 ppm	Bianna atá déanta	22	21	1
	100 ppm	saor ó Ghlútan ⁵	22	22	0
	20ppm (Codex)*	Bianna atá saor ó Ghlútan go nádúrtha	50	49	1
Glútan (samplaí príobháideacha)	200ppm	Bianna atá déanta saor ó Ghlútan	2	2	0
	100ppm	Bianna atá saor ó Ghlútan	4	4	0
	20 ppm (Codex)*	go nádúrtha	26	26	0
Beinséin	10 µg/L (teora uisce le n-ól ÚSBÉ-EDS)	Deochanna Boga	16	29	0
		Subha	6		
		Anlainn	6		
		Glóthacha	1		
Hiostaimín/Aimíní	200mg/kg	lasc Scombroid srl	128	126	2
Bithghineacha⁶	(Rialachán CE2073/2005)	(Tuinnín, Ronnach...)			
Arsanaic (As)	10 µg/L 0.5 mg/kg (IR 44 de 1972)	Uisce	88	88	0
		Bunús Deochanna	128	128	0
		Bainne foirmilí do Naíonáin	13	13	0
		Ilghnéitheach	9	9	0
(ABS) Substaintí (Antaibhaictéarach)⁷ (Tástáil 4-Plate CE)	'Crios' Coisc 2mm	Éineoil ,	18	18	0
		Muiceoil,	12	12	0
		lasc srl	8	8	0
Eile		Crotail Psyllium	1	0	1

- D'fhéadfadh na tocsainí seo bailiú i sliogiasc a fhástar in uisce farraige ina bhfuil an iomarca algaí muirí. Samplaí na seirbhíse OSC ar leibhéal Miondíola/Lónadóireachta (den chuid is mó) (trí shampla curtha amach ar conradh chuig Foras na Mara). Tá príomh-mhonatóireacht oifigiúil faoi réir ag an Roinn CMAN/Foras na Mara.
- Nimhiú Diarrhetic ó Shliogiasc (DSP). ³ Azaspiracid (AZA). ⁴ Nimhiú Aimméiseach ó Shliogiasc (ASP).
- Tagraíonn go príomha do bhianna atá saor ó Ghlútan agus atá bunaithe ar stáirse cruithneachta (sé sin an glútan bainte as).
- Aimíní Bithghineacha atá tástáilte do: Hiostaimín, Tyramine, Cadaverine & Putrescine. Cruthaítear aimíní bithghineacha mar thoradh ar an mbriseadh síos a dhéanann baictéir ar aimínaigéid in iasc. Is meisce cosúil le hailléirge é nimhiú hiostaimín nó Scombroid.
- Tá príomh-mhonatóireacht oifigiúil faoi réir (monarchana feola srl) ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbairt Tuaithe agus ag na húdarás Áitiúla.
- Áiríonn samplaí Gnáthamh, Iniúchadh agus Gearán.
- * Deineadh athbhreithniú agus foilsíodh Caighdeán Codex 118 – 1979 ag deireadh 2008, leis an gcaighdeán seo, laghdaíodh an leibhéal 200ppm a bhí ann roimhe sin do 'Bhianna atá déanta saor ó Ghlútan' go dtí 100ppm; aithnítear na bianna seo anois freisin mar 'ghlútan laghdaithe', feiliúnach do formhóir céiliaigh (de réir tuarascáil ÚSBÉ faoi bhianna Saor ó Ghlútan – 2008)

I 2008 fuarthas raon éagsúil bianna atá saor ó ghlútan ó chógaslanna, siopaí bianna sláinte, ollmhargaí agus ó lucht déantúsaíochta áitiúil. Bhí na torthaí sásúil ar an iomlán mar nach raibh ach dhá shampla neamh-chomhlíonta ann

amach as an 126 a tástáladh (féach Tábla 4).

As na 128 sampla iasc a tástáladh i 2008 do **Hiostaimín** agus do 3 aimín bithghineach eile, Putrescine, Cadaverine agus Tyramine, fuarthas an iomarca Hiostaimín (752 &

1,074mg/kg) i 2 shampla ronnachaí. Bhí os cionn an meán de Cadaverine i 9 sampla (>100 mg/kg), os cionn an meán de tyramine i 4 shampla (>100 mg/kg); agus os cionn an meán de Putrescine (>100 mg/kg) i sampla amháin. Féach ar

<http://www.fda.gov/Food/GuidanceComplianceRegulatoryInformation/GuidanceDocuments/Seafood/FishandFisheriesProductsHazardsandControlsGuide/ucm091910.htm>.

le tuairisc ghinearálta a fháil ar nimhiú hiostaimín. Ní

bhfuarthas aon rian **substaintí antaibhaictéaracha (ABS)** in aon cheann de na 38 sampla d'fheoil úr agus iasc a tástáladh i 2008 trí Thástáil Four-Plate an AE, ach an oiread leis na 8 mbliana atá caite.

2.5 Cothú/Comhdhéanamh, Breiseáin, Lipéadú srl.

Sóidiam/Salann i mBia: ceaptar go bhfuil an iomarca salainn (clóiríd sóidiam) go han-dona do shláinte an

Tábla 5: Achoimre ar Thorthaí Tástála Cothú/Comhdhéanamh 2008

Paraiméada(i)r	Cineálacha Bia		Samplaí Tástáilte	Meántorthaí (g/100g)	Raon na dTorthaí (g/100g)
'Salann' (Na/K)	Feoil Próiseáilte (Liamhás srl.) (Suirbhé ÚSBÉ)	Sóidiam	26	0.85	0.44-1.13
		Pótasiam	26	0.41	0.2-0.86
	Arán (Suirbhé ÚSBÉ)	Sóidiam	6	0.41	0.4-0.43
		Pótasiam	6	0.23	0.11-0.36
	Gránaigh Bricfeasta ⁴ (Suirbhé ÚSBÉ)	Sóidiam	24	0.13	<0.01-0.3
		Pótasiam	24	0.39	0.16-0.62
	Leatháin & Im (Suirbhé ÚSBÉ)	Sóidiam	12	0.33	<0.01-0.53
		Pótasiam	12	0.04	0.02-0.06
	Criospaí, Grán rósta & Sneiceanna (Suirbhé ÚSBÉ)	Sóidiam	124	0.60	<0.01-1.93
		Pótasiam	124	0.80	0.02-1.91
	Béilí Réidh ¹	Sóidiam	27	0.25	0.07-0.83
	Samplaí réigiúnacha FSS	Pótasiam	27	0.21	0.12-0.34
	Táirgí "Íseal Sóidiam" ²	Sóidiam	7	0.02	<0.01-0.05
	Suirbhé réigiúnach FSS	Pótasiam	7	5.95	<0.01-40.51
	Bianna Próiseáilte Ilghnéitheacha ³	Sóidiam	38	0.30	<0.01- 2.13
		Pótasiam	33	0.23	<0.01- 0.79
	Salainn "Íseal Sóidiam"	Sóidiam	3	15.4	12.8 - 17.3
		Pótasiam	2	24.7	23 - 26.3

Paraiméada(i)r	Cineálacha Bia		Samplaí Tástáilte	Raon Torthaí µg/100g)	Iomlan Samplaí a Tástáladh
Aigéad Fólach	Staidéar Píolótach ar Threisiúchán	Aráin Bán	20	<20 - 163	84 Arán
		Arán Donn	20	<20 - 134	
		Arán Sóide Donn	20	<20 - 93	
		Arán Baguette	24	<20 - 175	
		Plúr Bán	12	<20 - 431	48 Plúr
		Plúr Donn	12	<20 - 363	
		Plúr Arán Sóide Donn	12	<20 - 421	
		Plúr Baguette	12	<20 - 326	

¹ Ag áireamh curaithe pacáistithe, lasáinne, miasa sicín, pióg an aoire, miasa pasta srl as na hollmhargaí

² Ag áireamh leite, cistí ríse, bia linbh, forlíonadh bia & blastán srl.

³ Ag áireamh miasa ullmhaithe, gránaigh bricfeasta, deochanna torthaí, pónairí, anlainn, blastán, maróg ríse, biatas, liathróidí feola, sneaiceanna, uisce, bainne púdraithe, criospaí, salann, briosaí crua, anraith, iasc, bia linbh, grán rósta.

⁴ Áiríonn gránaigh agus músálaí srl "íseal i salann".

phobail. Tá tuarascáil foilsithe le deanaí ag Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann darb ainm “Salt and Health: Review of the Scientific Evidence and Recommendations for Public Policy in Ireland”, www.fsai.ie/uploadedFiles/Science_and_Health/salt_report-1.pdf. Tugann sonraí atá luaite sa tuarascáil, inár áiríodh Éirinn, le fios go bhfuil laghdú de thart ar 1,700 ar an méid daoine a fhaigheann bás in Éirinn in aghaidh na bliana ó

stróc agus galar ioscaemach croí le fáil d’Éireann má ghlactar le moltaí an tuarascáil agus má chuirtear i bhféim iad. Tá ÚSBÉ, i gcomhar leis an tionscal bia, ag cur clár i ngníomh chun na leibhéil salainn a laghdú sna príomhbhianna próiseáilte ina mbíonn salann. Is í an aidhm shonraithe ná an meánionghabháil salainn a bheith laghdaithe go dtí 6gr sa lá (ó 10gr sa lá) faoin mbliain 2010. Aontaíodh freisin i 2008 ar chreat AE comónta i

Tábla 6: Achoimre ar na Torthaí Cáilíochta do Bhreiseáin/Lipéadú/Comhdhéanamh 2008

Paraiméada(i)r	Cineálacha Bia srl	Líon na Samplaí Tástáilte & Torthaí		
		Iomlán	Comhlíonadh	N chomhlíonadh
Breiseáin				
Beansóaití & Sorbáití ¹	Deochanna boga (54), Aighir & Milseoga (7), Sailéid (7) & Eile (4)	72	66	6
Dé-ocsaíd Sulfair ¹ (Suilftí)	Feoil/lasc (38), Fíon/Beoir (24), Cloicheáin/Portáin/Ribe Róibéis (47), Torthaí Tirim/Glasraí (74), Eile (7)	190	182	8
Nítrítí & Níotráití ¹	Feoil Leasaithe/Táirgí Feola (64)	64	62	2
Milsitheoirí Saorga ² (sé sin Aicéasuilféim K, Aspáirtéim & Siúicrin)	Feoil agus Táirgí Feola (4), Anlainn (22), Anraith (3), Rís (1)	41	41	0
Aigéad Glútamach	Feoil agus Táirgí Feola (4), Anlainn (22), Anraith (3), Rís (1)	30	28	2
Ionradaíocht Bia ³ A) Scagthástáil Ionracha Photostimulated	Luibheanna/Spíosraí/Blastáin (105), Vitamíní & Forlíonta Bia (95) Nuidil (17) Anraithí/Anlainn (8), Síolta (3), Torthaí & Glasraí (4), PARNUTS (7) & Eile (3)	242	242	0
B) Tástáil Deimhnithe Teirmea-Ionracha (SUERC, Albain)	Luibheanna/Spíosraí (4), Vitamíní & Forlíonta Bia (5) & Nudail (2)	11	11	0
Tástáil Déiríochta ⁴	Táirgí déiríochta (Bainne, uachtar, srl)	135	130	5
Lipéadú Ginearálta	Bianna Pacáistithe Ilghnéitheacha	438	276	165
Láidreacht Alcóil	Biotáillí ar thomhais Tigh Ósta	34	33	1
Eile:	Cineálacha Bianna Ilghnéitheacha	194	194	0
pH	Cineálacha Bianna Ilghnéitheacha	7	7	0
Taise	Subha srl.	6	6	0
Tag. Innéacs/Sol. Solaid Saill	Bianna íseal i saill (seachas táirgí déiríochta)	15	15	0
			Raon Torthaí	
Luach Aigéid (AV) ⁵	Oláí Cócaireachta Úsáidaithe (ó ionaid bia le tabhairt leat, bialanna srl)	27	0.2 – 7.5	
DPTGs ⁶			<3 – 20.6%	

¹ Údarú agus teorainneacha leagtha síos in Ionstraim Reachtúil Uimh. 58 de 2004 (arna leasú ag Ionstraim Reachtúil Uimh. 40 de 2008). De réir Teoracha AE caithfidh ballstáit monatóireacht a dhéanamh ar úsáid agus ionghabháil Breiseáin. Tugadh faoi deara an iomarca Níotrát Sóidiam i sampla sílíní bagún agus i sampla liamhais. Údarú agus teorainneacha leagtha síos in Ionstraim Reachtúil Uimh. 34 de 2008.

³ Údaraíon I.R. 297 de 2000 ionradaíocht luibheanna, spíosraí agus blastáin glasraí. Caithfear lipéadú chuige seo a chur ar bhianna ionradaithe.

⁴ Tástálacha Éagsúla: Lipéadú Ginearálta, ALP (‘Paistearadh’), Substaintí Toirmeascacha (tástáil Delvo), Uisce seachtrach, Saill, Próitéin, Luaidhe (féach Tábla 3) ⁵ Is tomhas é an Luach Aigéid ar an méid hidrealú ar olaí. Úsáidtear ‘teorainn’ traidisiúnta smachta de 3.0 sa RA.


⁶ DPTGs = Di- & tríghlicíd polaiméirithe, táscairí den mhéid mí-úsáid teirmeach nó an úsáid iomarcach a bhaintear as olaí cócarála. Tá teorainn de 15.0% leagtha síos san Ollainn.

leith laghdú ginearálta de ar a laghad 16% a bheith ar ionghabháil salainn faoin mbliain 2012. Go dtí seo, tá monatóireacht leathan déanta sa saotharlann seo ar 'shalann' i raon bianna (aráin, gránaigh bricfeasta, béilí réidh, anraithí, anlainn, feoil phróiseáilte agus sneaiceanna/criospaí srl), -féach FSAI News Ean/Feabhra 2008, leagán 10, eagrán 1, le haghaidh nuashonrú ÚSBÉ ar an dul chun cinn maidir le leibhéal salainn a laghdú. Tá achoimre tugtha i dTábla 5 thuas ar thorthaí 2008 an chláir ÚSBÉ. Tá torthaí freisin sa Tábla ó thástáil réigiúnach a rinne an FSS féin (samplaí ó OSCanna) ar raon bianna lena n-áirítear Béilí Réidh, Bianna "Íseal-Sóidiam" agus Bianna Próiseáilte Ilghnéitheacha.

Tá an meánluach sóidiam de 0.25 g/100g do na Béilí Réidh sásúil. Ní raibh ach táirge amháin (5 shampla) as na 27 sampla a tástáladh a raibh leibhéal sóidiam cuid mhaith níos airde ann (>50%) ná an luach lipéadaithe. Ní raibh ach meán de 0.02 g/100g sna samplaí "íseal-sóidiam", bhí na samplaí uilig ag cloí leis an uasteora de 0.12 g/100g do bhianna lipéadaithe mar íseal-sóidiam" (Rialachán (CE) Uimh. 1924 de 2006. Éiligh faoi Sláinte agus Cothú). As an meascán de 38 bia próiseáilte a tástáladh, tháinig na leibhéal lipéadaithe agus an méid a bhí iontu i ndáiríre le chéile go maith, seachas toradh amháin a bhí níos airde i gcomparáid leis na luachanna lipéadaithe.

Tá an RA chun cinn ó thaobh laghdú salainn, mar tá raon leathan bianna próiseáilte acu a bhfuil sé i gceist go mbeadh na

spriocanna don laghdú bainte amach acu faoin mbliain 2012. Is dóighe go nglacfar an cur chuige céanna in Éirinn..



Aigéad Fólach: I 2008, tástáladh 132 sampla arán agus plúr le haghaidh Aigéad Fólach ar son ÚSBÉ, ag éirí as moladh go dtosófaí ag treisiú an phlúir in Éirinn. Chuir treoirléasra isteach na samplaí i gcomhar le ÚSBÉ, bhí 48 arán treisithe ann agus 48 plúr. Tá an cheist faoi ar cheart treisiúchán éigeantach a dhéanamh ar phlúr le haigéad fólach fágtha ar leataobh in Éirinn (féach tuarascáil an Ghrúpa Feidhmiúcháin um Threisiúchán le hAigéad Fólach www.fsai.ie/assets/0/86/204/cc3c2261-7dc8-4225-bf79-9a47fbc2287b.pdf). Dhá phríomhghné anseo ná: (1):

go mbreathnaíonn sé go bhfuil ardú tagtha ar leibhéal aigéad fólach sa bhfuil ag daoine agus (2): go bhféadfadh sé mar atá tuairiscithe go bhfuil ceangal idir treisiúchán agus méadú ar ailse putóige.

Lipéadú Ginearálta: Cónascann Ionstraim Reachtuil Uimh. 483 de 2002 reachtaíocht ar lipéadú earraí bia go ginearálta. Tá forbhreathnú ar reachtaíocht um lipéadú agus gnáthaimh fhorfheidhmiúcháin srl léirithe i bhfoilseachán ÚSBÉ (The Labelling of Food in Ireland – FSAI2007). <http://www.fsai.ie/assets/0/86/204/5dfb809a-7902-4f03-bb6a-6e25a5a09736.pdf>.

Tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach le próiseas comhairliúcháin ar athchóiriú na reachtaíochta Eorpaigh do lipéadú bia agus leanfar leis seo isteach i 2009 – .

Scrúdaíodh 438 sampla anseo i 2008 féachaint an rabhtar ag comhlíonadh na reachtaíochta don lipéadú agus bhí 162 acu ag sárú na reachtaíochta seo. Eascaíonn go leor de na deacrachtaí as bianna atá próiseáilte in Oirthear na hEorpa agus bianna próiseáilte 'eitneacha' eile nach bhfuil lipéadaithe i mBéarla ná i nGaeilge, as easpaí faoi lipéadú sa Dearbhú Comhábhar Caimnióchtúil (QUID) agus as gnéithe a bhaineann le lipéadú earraí bia a mhaíonn cothúcháin agus/nó sláinte nach gceadaítear faoi théarmaí Rialachán 1924/2006.

2.6 Samplaí le Ghearáin.

Bíonn samplaí gearán ann nuair a fhaigheann tomhaltóirí truailliú, inmhiólú, lotamas, ábhar seachtrach nó lochtanna eile i mbianna. Eascaíonn roinnt gearán as tarlúintí nimhiú bia (scrúdaítear na samplaí seo den chuid is mó sna saotharlanna don Mhicribhitheolaíocht Bia, ach b'fhéidir go mbeadh gá le tástáil cheimiceach freisin). De ghnáth bíonn ábhar coimhthíoch i láthair sna samplaí gearán a phróiseáiltear sa saotharlann seo ar nós plaisteach, gloine, miotal, feithidí, ribí/snáithíní, 'smionagar' gléasra, gnáthdhusta/ábhar neamhaitheanta nó boladh/blas aisteach ar an mbia.

Deineadh iniúchadh ar 126 sampla gearán san iomlán i 2008, 115 ón tseirbhís OSC agus 11 go díreach ón bpobal. Amach as an 126, eisíodh tuarascáil dímholta i gcás 69 acu (55%), -féach Aguisín 2 do bhreiseadh síos de réir an chatagóra bia. Tá laghdú mór tagtha ar líon na

ngearán bia chuig an saotharlann seo ón meán rialta de thart ar 230 sa mbliain (1999-2003) go dtí meán de 126 (2006 – 2008). Níltear cinnte céard is cúis leis an laghdú seo. B'fhéidir go bhfuil na miondíoltóirí ag déileáil níos fearr leis na gearáin


2.7 Tuarascálacha ar Fholáirimh (RASFF) agus Guaiseanna/Éilliú Bia.

Gníomhaítear Córas Mear-Rabhaidh Bia agus Beathú an AE (RASFF) nuair a thuiriscíonn ballstát mórthruailliú/riosca a bhaineann le baisc bia nó beathú. Tá tuarascáil curtha le chéile ag an gCoimisiún Eorpach ar Fhógraí RASFF 2008, a thugann briseadh síos sonrath ar an gcatagóir bia, nádúr riosca/guaise, bunús an bhia, tír thionscnaimh an rabhaidh srl, féach http://ec.europa.eu/food/food/rapidalert/report2008_en.pdf. Tá achoimre gearr thíos ar Fhógraí 2008 de réir na ngrúpaí Guaise:

Grúpa Guaise/Riosca	Líon na bhFógraí (2008)
Bia: Guaiseanna Ceimiceacha & Fisiciúla ¹	2233
Bia: Guaiseanna Micribhitheolaíochta ²	524
Bia: Guaiseanna/Rioscaí Eile ³	357
Guaiseanna Earraí Bia Ainmhithe ⁴	18

- ¹ Míceatocsainí, Miotail Throma, Rian Loitnadaidí agus Treidliachta, Breiseáin, Ailleirginí, Bith-thocsainí Mara, GMOs, Ábhar Coimhthíoch, Ionradaíocht, Imirce, Comhdhéanamh srl.
- ² Baictéir Pataigineach (Salmonella, Listéire srl) agus Víris, Truailliú Micribhitheolaíochta Eile
- ³ Sriantha easpacha, Táirgeadh neamhúdaraíthe, Lipéadú ar iarraidh srl. Pacáistiú Lochtach, Eile.
- ⁴ Gach guais fógartha faoi Bheathú d'Ainmhithe.

Tástáil ar Shamplaí Gearáin



Eisíonn an saotharlann **Tuarascálacha Guaiseanna/Truaillithe Bia** nuair a dhéantar amach go bhfuil mórthruailliú i gceist. Nuair a dhéanann an ÚSBÉ staidéar air, b'fhéidir go n-eiseofaí Rabhadh Bia (do bhallstáit an AE) ag brath ar a dtuairim faoin riosca. D'éisigh an saotharlann 7 dTuarascáil Guaise/Truailliú Bia i 2008, a bhain le Dé-ocsaíd Sulfair neamhdhearbhaíthe in aibreoga (2) & i bhfíon (2). Aflatocsain B₁ i Rís Basmati (1) Fumainisín B₁ & B₂ i min bhuí (1) & caonach liath i ndeoch oráiste (1).

Tugtar achoimre thíos ar líon iomlán na dTuarascálacha Guaise/Truailliú Bia a heisíodh go dtí seo:

Tá an laghdú sa méid tuarascálacha Guaise/Truailliú Bia a éisítear amhlaidh go príomha mar gheall ar an laghdú mór atá braite i dtruailliú ó Aflatocsainí agus Beinzi-[a]-Piréin.

2.8 Torthaí na mBlianta Roimhe Seo.

Tugtar achoimre ar thorthaí iomlán faireachais bia na saotharlainne seo in Aguisín 4.

Líon na dTuarascálacha Guaise/Truailliú Bia a heisíodh ón saotharlann seo.								
2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000
7	24	26	23	16	16	19	43	31

3. UISCÍ/EISILTIGH

3.1 Réamhrá.

Cuireann an saotharlann seirbhís tástála uisce ar fáil d'Údarás Áitiúla, don phobal ginearálta, do thionscail áitiúla agus d'ospidéal sa réigiún.

Is uiscí inólta formhór na samplaí a thagann isteach, a thástáiltear féachaint an gcloíonn siad le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce le nÓI) 2007, I.R. 278 de 2007.

Is féidir anailís a dhéanamh ar suas le 25 paraiméadar ceimiceach éagsúil. Tá achoimrí ar thorthaí pharaiméadair áirithe á dtaispeáint thíos.

Tástáiltear samplaí Uiscí Snámha féachaint an gcloíonn siad le Rialacháin Chaighdeán Uisce Snámha 1992 I.R. Uimh. 155 de 1992.

Déantar anailís freisin ar eisiltigh, ar uiscí linnte agus ar shamplaí uisce ó aonaid haema-scagdealaithe ospidéal.

3.2 Foinsí na Samplaí 2008.

Tháinig na samplaí a fuair an saotharlann óna foinsí seo a leanas:

Foinse	Líon
Gaillimh (FSS)	3435
Comhairle Chontae na Gaillimhe	174
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	916
Maigh Eo	1598
Ros Comáin	254
Dún na nGall	1172
Sligeach/Liatroim	936
Tiobraid Árann Thuaidh	719
An Clár	440
Luimneach	587
Haema-scagdealú (Ospidéal)	341
Anailís Príobháideach Luaidhe (uisce le n-ól)	351
Ilghnéitheach	932
IOMLÁN	11,855

3.3 Fluairídiú Soláthairtí Uisce Poiblí.

Tá Fluairíd á chur leis na Soláthairtí Uisce Poiblí in Éirinn óna 1960adaí ar mhaithe le sláinte fiacla a fheabhsú. Suas go dtí 2007, b'é an leibhéal fluairíde a bhí riachtanach ná 0.80mg/L go 1.0mg/L.

Sonraíonn Rialacháin Fluairídiú Soláthairtí Uisce 2007



(I.R. Uimh. 42 de 2007, raon tiúchana níos ísle de 0.6mg/L go 0.8mg/L Fluairíde ó sin amach.

Faoi réir na Rialachán freisin, caithfear monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal Fluairíde soláthairtí uisce ag tráthanna nach mó ná 1 mhí féilire.

Déanann an saotharlann seo an tástáil míosúil oifigiúil ar na soláthairtí uisce sa réigiún, agus tá na torthaí tuairiscithe in Aguisín 5..

3.4 Luaidhe i Soláthar Uisce Poiblí na Gaillimhe.

Tuigtear le fada gur ábhar nimhiúil é Luaidhe. Bíonn tionchar ag Luaidhe ar fhorbairt na gcóras néarógach agus ar fhorbairtí intleachtacha agus iomraíochta. Dá bhrí sin, tá riosca níos airde ann don ghin agus do leanaí faoi sé bliana d'aois.

Tá luaidhe go fairsing timpeall orainn, i seantithe inár úsáideadh péint ina raibh luaidhe, sa bhfód, in ábhair pluiméireachta agus rudaí eile.

Is minic nuair a fhaightear luaidhe in Uisce le nÓI go dtagann sé as sádair agus píopaí luaidhe a bhíonn úsáidte sa gcóras uisce. Stopadh ag úsáid píopaí agus sádair luaidhe sna 1970 adaí. D'fhéadfadh trí chomhpháirt a bheith i bpiópánra luaidhe:

- (i) Príomhphíopaí luaidhe, a bhfuil an tÚdarás Áitiúil freagrach astu;
- (ii) Ceangal luaidhe óna príomhphíopaí go dtí an Comhla Stoptha, a bhfuil an tÚdarás Áitiúil freagrach as;
- (iii) Ceangal luaidhe ón gComhla Stoptha go dtí sconnan an tí, a bhfuil an sealbhóir tí freagrach as.

D'fhéadfadh roinnt gnéithe luaidhe bheith fós sa gcóras

uisce a fhreastalaíonn ar sheantithe, agus go mbeidís ag láisteadh isteach san uisce le n-ól.

I measc na bhfachtóirí a bhainfeadh le chomh minic agus a tharlaíonn sé seo bheadh:

- Claonadh creimneach an uisce. Leánn uisce le pH íseal (aigéadach) píopaí agus sádair Luaidhe i bhfad níos mó ná mar a dhéanann uisce le pH ard (alcaileach), agus dá bharr seo bíonn i bhfad níos mó luaidhe san Uisce le nÓl.
- An méid píopánra Luaidhe a bhíonn i dteagmháil leis an uisce. Bíonn an píobánra luaidhe athraithe i gcuid mhaith cásanna.
- An t-achar ama a bhíonn an t-uisce i dteagmháil leis an bpíopánra Luaidhe. Á fhaide an teagmháil, is ea is airde a bheidh an méid Luaidhe san uisce. Bíonn an leibhéal Luaidhe níos airde de ghnáth ar maidin mar gheall go mbíonn an t-uisce fágtha thar oíche. Bhíodh an faisean ann fáil réidh leis an gcéad chuid den uisce ar maidin in áiteanna a raibh a fhios gur píopánra Luaidhe a bhí in úsáid.

Is é an teora reatha do Luaidhe in Uisce le nÓl ná 25 µg/L Pb. Ísleofar an leibhéal seo go dtí 10µg/L Pb i 2013.

Thaispeáin samplaí uisce a bhí tástáilte sa saotharlann seo le linn samhradh 2008 go raibh leibhéal ardaithe Luaidhe i roinnt áiteanna i gCathair na Gaillimhe. Léirigh tástáil leantach gurbh é ceantar bruachbhailteach Mhuirbheach is measa a bhí.

Tháinig sé chun solais go raibh príomhphíopaí Luaidhe fós in áiteanna i Muirbheach rud nach raibh amhlaidh sa gcuid eile den chathair mar gur athraíodh iad thar na blianta.

Deineadh anailís (ach ní sa saotharlann seo) ar leibhéal Luaidhe sa bhFuil i gcás 35 duine ag a raibh leibhéal ard Luaidhe ina gcuid Uisce le nÓl agus tháinig na torthaí ar ais ceart. Bhí an-fháilte roimh na torthaí seo agus thug sé dóchas do dhaoine nach raibh aon chomharthaí cliniciúla

ag baint leis na leibhéal arda Luaidhe san Uisce le nÓl.

Nuair a fuarthas amach faoina leibhéal arda Luaidhe cuireadh srianta i bhfeidhm ar an uisce a ól, go háirithe do leanaí agus máithreacha torracha.

Tháinig níos mó éilimh freisin ar thástáil Luaidhe ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ó cheantair eile Údarás Áitiúla agus ó bhaill inníoch den phobal.

De bharr an truaillithe seo, deineadh anailís sa saotharlann ar 1102 sampla ceann ar aghaidh do Luaidhe.

Ar roinnt de na bearta ar tugadh fúthu le go laghdófaí an baol ó Luaidhe bhí an chéad uisce a ligean le fána ar maidin nó i ndiaidh tréimhse gan úsáid, agus d'athraigh an tÚdarás Áitiúil pH an uisce ag na hoibreacha cóireála le méid an laiste a laghdú

Is é réiteach ceart na faidhbe ná fáil réidh leis na píopaí Luaidhe as an gcóras.

Táthar ag féachaint faoi láthair le fáil réidh leis na píopaí Luaidhe as an gcóras sa Muirbheach.

3.5 Tríhalaimeatáin.

Bíonn tríhalaimeatáin in uisce le n-ól mar thoradh ar imoibriú idir an clóirín a chuirtear ann agus ábhar orgánach, a d'fhéadfadh a bheith san uisce go nádúrtha.

Áirítear sna Tríhalaimeatáin lomlán Clóraform, Brómaidhéchlóraimeatán, Débhrómaclóraimeatán agus Brómaform.

Rangaítear Clóraform mar charcanaigin féideartha daonna.

Laghdaíodh an teora do na Tríhalaimeatáin lomlán ó 150 µg/L go dtí 100 µg/L ar an 25 Nollaig 2008.

Tá achoimre ar thorthaí 2008 sa tábla thíos. Baineann na torthaí arda le roinnt bheag soláthairtí uisce.

Torthaí Tríhalaimeatán µg/L. Líon na dTorthaí Anailiseacha Tugtha i Raonta (µg/L)

Raon Tiúchana	≤10	11 - 50	51 - 100	101 - 150	151-200	201-300	>300
Líon Samplaí	272	718	379	110	91	10	4

3.6 Alúmanam.

Úsáidtear salainn alúmanaim i bpróiseas floccasúcháin ag roinnt gléasraí cóireála uisce chun an méid ábhar collóideach nó foluaineach a laghdú. Faightear réidh leis an Alúmanam ina dhiaidh sin, ach d'fhéadfadh cuid a bheith fágtha san uisce ar deireadh.

Cé go bhfuil cuid den bhuntáiste a bhaineann leis an bpróiseas seo aeistéitiúil, laghdaítear an líon Úicít *Cryptosporidium* freisin dá bharr, agus an méid ábhar orgánach a d'fhéadfadh a bheith ann. Tiocfaidh íslíú ar na leibhéil Tríhalaimeatáin i ndiaidh an chlóiríniúchán de bharr íslíú bheith ar an ábhar orgánach.

Is é an teora reatha do Alúmanam in Uisce le nÓI ná 200 µg/L Al.

Tá achoimre ar thorthaí 2008 sa tábla thíos. Áiríonn an tábla seo roinnt torthaí samplaí uisce gan chóireáil nach raibh Alúmanam curtha leo.

Alúmanam i Soláthairtí Poiblí		Torthaí i µg/L		
Raon Tiúchana	≤20	21–200	201–1000	>1000
Líon Samplaí	3201	2595	278	51

3.7 Arsanaic.

Rangaíonn an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse comhdhúile arsanaacha Neamhorgánacha i nGrúpa I (carcanaigineach do dhaoine).

Dá bhrí sin, áirítear Arsanaic i sraith tástála na samplaí uisce le n-ól príobháideacha uilig chomh maith leis na soláthairtí cuí uisce poiblí.

D'fhéadfadh Arsanaic a bheith ann mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch. Bíonn sé ann go nádúrtha freisin áfach mar thoradh ar thuaslagadh mianraí agus mianaigh. Sa gcás go dtagtar ar leibhéil atá ardaithe, is gnách gur i gceantair geografach ar leith a bhíonn siad san áit a mbíonn na mianaigh agus mianraí seo.

Is é an teora reatha do Arsanaic in Uisce le nÓI ná 10 µg/L As.

Tá achoimre ar thorthaí 2008 sa tábla thíos. Fuarthas na leibhéil ardaithe a taifeadh i soláthairtí príobháideacha..

Torthaí Arsanaice (µg/L As)			
Raon Tiúchana	≤10	>10 - 50	51-100
Líon Samplaí	1978	45	4



3.8. Uisce Haema-Scagdhealaithe.

Bíonn córais chóireála uisce i bhfeidhm in aonaid Haema-Scagdhealaithe chun uisce íonaithe a sholáthar le n-úsáid i meaisíní Scagdhealuithe. Déanann an saotharlann anailís cheimiceach ar na samplaí seo. Tástáladh 341 sampla le linn na bliana.

3.9 Samplaí príobháideacha.

Tástáladh 933 sampla do dhaoine príobháideacha i 2008.

4. COMHSHAOL

4.1 Monatóireacht ar Aerthruailliú.

Smachtaítear caighdeán air in Éirinn le sraith Rialachán. Leagtar síos sna “Rialacháin um Chaighdeán Aercháilíochta 2002” (I.R. 271 de 2002) caighdeán i leith Dé-ocsaíd Sulfair, Dé-ocsaíd Nítrigin agus ocsaídí de Nítrigin, ábhar cáithnínach PM_{10} , Luaidhe, Beinséin agus Aonocsaíd Charbóin.

Déileálann rialacháin eile le hÓzón san aer comhthimpeallach, le Miotail Throma agus le hidreacarbón Iltimthriallach Aramatach.

Déanann an saotharlann monatóireacht ar thruailliú air i leith anailís ar Dé-ocsaíd Sulfair, Deatach agus PM_{10} ar son Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Déantar sampláil ag dhá shuíomh monatóireachta sa gcathair, sin iad Timpeallán Bodkín (in aice le Currys) agus Oibreacha Uisce Thír Oileáin. Cuirtear sonraí truailliú air a bhíonn taifeadta ag an saotharlann ar ais chuig An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus foilsíonn siad é.

Tá an tír roinnte ina ceithre chrios ó thaobh monatóireacht agus bainistiú an chaighdeáin air. Is i gCrios C den tír atá Gaillimh. Áiríonn an chrios seo Cathair na Gaillimhe, Cathair Luimnigh, Cathair Phort Láirge mar aon le 18 baile agus ceantar uirbeach eile timpeall na tíre..

4.1.1 Dé-ocsaíd Sulfair.

Téann Dé-ocsaíd Sulfair (SO_2) isteach san aer go hantrapaigineach (sé sin gníomhaíochtaí daonna) agus tríd an timpeallacht nádúrtha. D’fhéadfadh neamhchosaint i gcoinne leibhéal arda SO_2 bheith mar chúis le deacrachtaí riospráide agus dochar do fhásra. Is ceann é de na príomh-réamhtheachtaithe den bháisteach aigéadach. De réir na Rialachán Aercháilíochta, caithfidh monatóir amháin SO_2 bheith i gCrios C. Feidhmíonn an GCC aonad monatóireachta soghluaiste sa gcrios seo don pharaiméadar seo. Bhí an saotharlann seo ag déanamh monatóireacht do SO_2 i gCathair na Gaillimhe le blianta fada agus tá fós ag dhá ionad.

Tá torthaí mhonatóireacht 2008 á dtaispeáint in Aguisín 6.

Is é an t-uasluach laethúil atá leagtha síos do chosaint an tsláinte phoiblí ná $125\mu g/m^3$.



Bhí luachanna 2008 an-íseal, agus níor briseadh an teora ag aon am i rith na bliana.

4.1.2 Deatach Dubh.

Tomhaistear Deatach Dubh ag an dá shuíomh monatóireachta i gCathair na Gaillimhe. Cé nach gá de réir dlí (ó Eanáir 2005) aon mhonatóireacht a dhéanamh air, is fiú leanúint ar aghaidh leis mar gheall ar an méid mór sonraí atá bailithe ag an saotharlann leis na blianta. Éascaíonn sé seo breithniú na dtreochtaí thar thréimhse fada ama. Léirítear an meán míosúil mar aon leis na luachanna is ísle agus is airde in Aguisín 6.

4.1.3 PM_{10}

Is PM_{10} an téarma a úsáidtear le cuntas a thabhairt ar ábhar cáithnínach le trastomhas de $10\mu m$ nó níos lú. D’fhéadfadh meascán casta súiche, ábhar orgánach agus neamhorgánach bheith sna cáithníní seo. Tá neart foinsí PM_{10} ann, lena n-áirítear dó díosail agus breoslaí soladacha agus dusta ó thrácht bóthair.

Baineann an imní faoina leibhéal PM_{10} leis na deacrachtaí riospráide a thagann óna n-análú. Faoi réir na Rialachán Aercháilíochta, caithfear monatóireacht a dhéanamh ag dhá ionad i gCrios C. Tá aonad monatóireachta dá leithéid á fheidhmiú ag an GCC in áis soghluaiste. Tá an t-



aonad monatóireachta eile á fheidhmiú ag an saotharlann seo sa stáisiún monatóireachta ag timpeallán Bodkin. Sna Rialacháin leagtar síos meánteora 24 uair do 50 $\mu\text{g}/\text{m}^3$ nach féidir a shárú níos mó ná 35 uair sa bhliain fhéilire, agus meánteora bliantúil de 40 $\mu\text{g}/\text{m}^3$ do PM_{10} anna.

Sáraíodh an meánteora 24 uair an chloig 6 huair le linn na bliana. Is é an luach is airde a taifeadh ná 86 $\mu\text{g}/\text{m}^3$. Ba é an meánluach laethúil don bhliain ná 16 $\mu\text{g}/\text{m}^3$. Tá torthaí 2008 á dtaispeáint in Aguisín 6.

5. SAOTHARLANN CÓGASÍOCHTA

Seirbhís do Bhord Leigheasra na hÉireann (www.imb.ie)

Is é feidhm Bhord Leigheasra na hÉireann (IMB) ná sláinte poiblí agus ainmhithe a chosaint agus a chothú trí chógais daonna agus tréidliachta, agus fearais chógaisíochta atá ar fáil le díol nó déanta in Éirinn a rialú, agus bheith páirteach i gcórais atá deartha leis an rud céanna a dhéanamh ar fud an AE.

Tá an saotharlann seo ag cur seirbhís anailíseach ar fáil ó 1976 do Bhord Leigheasra na hÉireann, an “Bord Náisiúnta Comhairliúchán Drugaí” roimhe seo, chun táirgí drugaí agus cógais a thástáil mar aon le comhairle agus tacaíocht theicniúil a bhaineann le tástáil cógas a sholáthar.

Chuipe seo, tá Rannóg Chógaisíochta Shaotharlann Anailísí Phoiblí, Ghaillimh, ceaptha mar **Saotharlann Oifigiúil Rialú Cógas (OMCL)** faoi chreat na Treorach Eorpaigh do Chaighdeán Cógais agus Cúram Sláinte (EDQM) agus Chomhairle na hEorpa.

Ról mar Shaotharlann Oifigiúil Rialú Cógas (OMCL)

Ag leibhéal **Náisiúnta**, cuidíonn an saotharlann le cosaint sláinte poiblí agus le feidhm rialaitheach Bhord Leigheasra na hÉireann trí shonraí anailíseacha neamhspleácha agus comhairle theicniúil faoi tháirgí cógaisíochta a sholáthar a thugann deis do Bhord Leigheasra na hÉireann cinní eolacha a dhéanamh faoi chaighdeán agus faoin stádas comhlíonadh cógas.

Ag leibhéal **Eorpach**, bíonn an saotharlann páirteach i ngníomhaíochtaí den Líonra OMCL (comhoibriú idir saotharlanna tástála cógas atá deartha le cumarsáid a fheabhsú, comhoibriú a chur chun cinn agus modhanna oibre a chomhchuibhiú san AE agus i stáit eile). Áirithe sna gníomhaíochtaí seo tá tástáil ar Tháirgí Cógas Lárúdaraithe (CAP), tástáil ar Tháirgí Comhaitheanta/Díláraithe (MRP/DCPs), agus páirteachas i Staidéir do Thástáil Inniúlachta (PTS).

(chun tuilleadh eolais a fháil féach www.edqm.eu, Rannóg Rialú na gCógas).

Sampláil agus Anailisiú

Fuarthas 119 sampla cógaisíochta agus 50 sampla cosmaidí i 2008, agus tá briseadh síos tugtha orthu anseo;

Bord Leigheasra na hÉireann (Táirgí Críochnaithe)	30
Bord Leigheasra na hÉireann (Comhábhair Chógaisíochta Gníomhach)	72
EDQM – Táirgí Lárúdaraithe	7
Tástálacha Inniúlachta (EDQM agus Pharmassure)	10
Cosmaidí do Hidreacuineon*	49
Cosmaidí do PH	1

*Féach Tástáil Cosmaidí, Cuid 6.

I 2008, eisíodh Teastais Anailíse do 50 sampla cosmaideach agus 64 sampla cógaisíochta ar a raibh táirgí íocshláinte críochnaithe (capsúil, táibléid, fuaidreáin srl), chomh maith le comhábhair chógaisíochta gníomhacha a raibh sampláil déanta ag iniúchóirí Bhord Leigheasra na hÉireann orthu ag suímh dhéantúsaíochta. Deineadh an tástáil ar na cógais de réir monagraif an Pharmacopoeia Eorpach, Pharmacopoeia na Breataine, Pharmacopoeia Stáit Aontaithe Mheiriceá agus/nó modhanna cuideachtaí. Deineadh go leor tástálacha éagsúla ar chuile shampla ag áireamh: Tástáil Nochta, Aonfhoirmeacht Maise, pH, Aitheantas agus Measúnacht le HPLC, Aitheantas agus Measúnacht le UV-Vis, Aonfhoirmeacht Ábhar, Tuaslagadh, Measúnacht le Titrimetry, Dearbhú Uisce le Karl Fischer, Cailteanas le Triomacht, Aitheantas le IR, Aitheantas le TLC, Sainrothlú Optúil, Pointe Leá, Sainmheáchan, Substaintí Gaolmhara le HPLC, srl.

Tá riaráiste samplaí le tástáil, faoi mar is léir ón líon tuarascálacha atá eisithe in aghaidh líon na samplaí a fuarthas. Tá sé amhlaidh mar gheall ar an nganntanas foirne atá i gcónaí sa rannóg seo.

Córas Cáilíochta

Caithfidh OMCLanna oibriú le córas cáilíochta bunaithe ar ISO/IEC 17025 chun cáilíocht agus comparáideacht torthaí a chinntiú laistigh den Líonra. Oibríonn an saotharlann freisin de réir treoirlínte atá eisithe ag an



Líonra EDQM-OMCL agus atá glactha ag an EA (European Accreditation Cooperation) do raon topaicí lena n-áirítear;

- Bailíochtú Gnásanna Anailíseacha
- Breithmheas & Tuairisciú Torthaí
- Caighdeán Fearas ag áireamh HPLC, GC, Speictreafótaiméadair IR agus UV-Infheicthe agus Toirtmheascóirí Uathoibriúchá (féach www.edqm.eu le tuilleadh eolais a fháil)

In Aibreán 2008, rinne Bord Leigheasra na hÉireann iniúchadh rathúil ar an Saotharlann Cógaisíochta de réir ISO 17025 agus treoirlínte cuí an Líonra OMCL..

Scéimeanna do Thástáil Inniúlachta

I 2008, ghlac an saotharlann páirt rathúil i Scéimeanna do Thástáil Inniúlachta de chuid EDQM agus cuid a bhí eagraithe ag Pharmassure inár clúdaíodh na réimsí seo a leanas: Measúnacht agus Aitheantas le HPLC, Tuaslagadh, Substaintí Gaolmhara le HPLC, pH, Dlús, Pointe Leá.

Tinreamh

D'fhreastail ball foirne amháin ar Chruinniú Bliantúil Líonra Eorpach na OMCLanna a bhí i Strasbourg i mí an Mheithimh 2008.

5.1 SAOTHARLANN TOCSAINEOLAÍOCHTA

Soláthraítear seirbhís tocsaineolaíochta bunúsach, go príomha do Phaiteolaithe agus do Lianna Comhairleacha FSS an Iarthair agus do Thréidlianna, agus do bhaill den phobal.

Tástáladh 202 sampla uilig i 2008, mar atá léirithe thíos

Etánól (Scrúdú Iarbháis)	107
Etánól (Acht um Thrácht ar Bhóithre)	32
Tástálacha Inniúlachta	60
Strychnine	1
Samplaí Ilghnéitheacha do Etánól	2

Déantar anailís neamhspleách d'alcól ar shamplaí fola agus fuála "samplaí B" a thógtar faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre. Tástáladh 32 sampla acu seo i 2008, agus bhí 84% acu os cionn an teora dleathach.



Córas Cáilíochta

Bíonn an saotharlann páirteach i Scéim Seachtrach Measúnú Cáilíochta (UKNEQAS) a bhíonn eagraithe ag Cardiff Bioanalytical Services Ltd. Faightear samplaí fola, séirim agus fuála isteach go míosúil le haghaidh anailís etánóil.

6. COSMAIDÍ

6.1 Reachtaíocht Cosmaidí.

Meastar gur fiú 65 billiún an margadh miondíola cosmaidí AE (sonraí EUROSTAT do 2004). Teastaíonn reachtaíocht le margadh mar seo a rialú. Rialaíonn Treoir Comhairle AE 76/768/EEC (agus leasuithe) margaíocht agus sábháilteacht cosmaidí san AE. Tugann Rialacháin na bPobal Eorpach (Táirgí Cosmaideacha) I.R. Uimh. 870/2004, éifeacht don Reachtaíocht AE. Is é an tAire Sláinte agus Leanaí an t-údarás inniúil ar na Rialacháin, feidhm atáthar a phlé faoi láthair i leith aistriú chuig Bord Leigheasra na hÉireann. Tá caighdeáin leagtha síos sna Rialacháin a gcaithfidh an Tionscal Cosmaidí cloí leo, agus tugtar orduithe meicniúcháin forfheidhmithe agus pionóis tríothu seo freisin. Tugtar liosta i Sceideal 2 na Rialachán de 1,132 comhdhúil agus grúpaí comhdhúile a bhfuil cosc orthu. Leagan Sceidil 3 go 7 síos srianta ar úsáid raon leathan de shain-chomhábhair atá ceadaithe, breiseáin srl. Tugann an Coiste Eolaíoch um Tháirgí Tomhaltóra comhairle don Choimisiún AE faoi cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht cosmaidí agus le comhábhair cosmaidí. Faoi láthair ag leibhéal an AE, tá Treoir na gcosmaidí agus na leasuithe agus srl uilig a bhaineann leis á dtabhairt ina chéile.

6.2 Forfheidhmiú ar Reachtaíocht na gCosmaidí san FSS.

Taobh istigh den FSS, is iad na hOifigigh Sláinte Comhshaoil na hoifigigh údaraithe agus is iad Saotharlanna na nAnailísithe Poiblí anailísithe oifigiúla na Rialachán. Is é RAPEX http://ec.europa.eu/consumers/safety/rapex/docs/rapex_annualreport2008_en.pdf. an córas mear-rabhaidh AE a thugann fógra faoi ghuaiseanna/rioscaí a bhaineann le Táirgí Tomhaltóirí (bréagáin, gléasanna leictreacha, feithiclí, cosmaidí srl), seachas Bianna, Uiscí, Cógais & Gléasanna Leighis. Is iad an tÚdarás Náisiúnta um Thomhaltóirí www.consumerconnect.ie a riarann RAPEX in Éirinn.

Tá Grúpa Rialaithe Cosmaidí bunaithe san FSS. Tá tuarascálacha curtha le chéile ag an ngrúpa a thugann achoimre ar leibhéal reatha an fhorfheidhmiú/rialú (scrúdú, faireachas srl) a dhéantar ar chosmaidí oifigiúla in

Tábla 7: Torthaí ar Luaidhe agus Caidmiam i gCosmaidí 2008

Luaidhe (Pb)		Caidmiam (Cd)	
Raon Torthaí (mg/kg)	Líon Foshamplaí	Raon Torthaí (mg/kg)	Líon Foshamplaí
<1.0	360	<0.10	653
1.0 – 5.0	256	0.10 – 1.0	63
5.1 – 10.0	36	1.1 -5.0	27
10.1 - 20.0	34	5.1 – 10.0	9
20.1 - 100	31	10.1 - 100	9
101 - 1000	15	>100	1
1001 - 5000	21	*Comhábhar <1.5	36
>5000	10		
*Comhábhar <20.0	35		
Iomlán	798	Iomlán	798

*Is éard atá sna samplaí comhábhar ná foshamplaí comhcheangailte agus anailís déanta orthu mar chomhábhar. Seasann figiúirí na dtorthaí d'uasthiúchan cheann ar bith de na foshamplaí.

Éirinn, agus tá moltaí ann freisin faoi ghnásanna agus acmhainní sa réimse seo.

Go dtí seo, d'eascair an chuid is mó den tástáil oifigiúil ar chosmaidí in Éirinn mar thoradh ar rabhaidh RAPEX, cé go bhfuil méadú freisin tagtha ar spriocfhaireschas. Tá clár náisiúnta um thástáil cosmaidí don bhliain 2009 leagtha síos ag an saotharlann seo i gcomhar le Saotharlann an Anailísí Phoiblí i gCorcaigh agus an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil. Tá teora ó thaobh scóip leis an gclár mar gheall ar na hacmhainní teoranta atá ar fáil.

6.3 Torthaí do 2008.

6.3.1 Miotail Throma:

Tá achoimre i dTábla 7 thíos ar thorthaí ginearálta na gcosmaidí uilig a tástáladh anseo i 2008 do Luaidhe (Pb) agus Caidmiam (Cd). Tástáladh 162 sampla. Bhí sraitheanna ilchomhpháirteach de chineálacha éagsúla cosmaidí agus dathanna i bhformhór na samplaí (m.sh. púdair agus béaldathanna), agus bhí gá le hanailís ar gach comhpháirt beagnach i gcónaí. Tástáladh 798 comhpháirt (foshamplaí) san iomlán.

Áirítear sna sonraí thuas tástáil leantach ar bhranda níos saoire cosmaidí leanaí a tástáladh i 2007. Thaispeáin tástáil ar tháirgí den bhranda céanna leibhéil Luaidhe an-ard go deo i roinnt táirgí, tiúchain chomh hard le 10,000 mg/kg, sé sin 1% Luaidhe. Léiríonn na torthaí go n-úsáidtear comhdhúile Luaidhe tionsclaíoch (sé sin

comhdhúil coiscthe) mar chomhábhair, is dócha mar dhathanna. Níl aon teora ar leith leagtha síos do Mhiotail Throma sa Treoir Cosmaidí ná sna Rialacháin. Tá cosc áfach ar Luaidhe agus a chomhdhúile bheith i gcosmaidí (Rialacháin na gCosmaidí – I.R. Uimh. 870/2004, larscríbhinn 2, iontráil 289), mura rian de atá iontu atá “dosheachanta go teicniúil i gcomhthéacs dea-chleachtas déantúsaíochta “ (8.(2)), agus nach bhfuil “ baol ann go ndéanfaidh sé dochar do shláinte an duine “ (7.(1)). Úsáideadh teora 10 mg/kg ar dtús mar an uasteora Luaidhe i gcosmaidí, rud a bhí bunaithe ar chomhairle tocsaineolaíochta/teicneolaíochta a cuireadh ar an FSS. Léirigh anailís riosca a rinne na húdaráis cosmaidí sa Ghearmáin le deireanas (a rinne BfR) gur 20 mg/kg an leibhéal Luaidhe a chloíonn leis na critéir reachtaíochta. Toisc go bhfeictear go n-úsáideann roinnt mhaith ballstáit AE an uasteora seo anois, glacadh le 20mg/kg mar thomhas eatramhach do chríocha oifigiúla rialaithe san FSS.

Sa bhliain 2008, bhí 111 comhpháirt os cionn an leibhéil Luaidhe de 10 mg/kg, agus 77 acu os cionn an teora inghlactha de 20 mg/kg. D'eisigh an saotharlann 18 Tuarascáil Guaise/Truailliú Cosmaidí chuig an tseirbhís OSC ar 23 sampla san iomlán. Seoladh na torthaí ar aghaidh chuig an Údarás Náisiúnta um Thomhaltóirí agus chuig an Roinn Sláinte & Leanaí le go dtabharfadh RAPEX fógra fúthu.



Bhí leibhéil Caidmiam níos mó ná 5 mg/kg i 19 foshampla, an teora a bhí leagtha síos ag an nGearmáin/BfR.

Áirítear sna sonraí thuas faoi Luaidhe agus Caidmiam spriocuirbhé áitiúil (SSC Cho. na Gaillimhe) de 103 sampla (444 comhpháirt) cosmaidí ar phraghas íseal/Siopaí Iascaine' a deineadh go luath i 2008. Bhí 29 de na 444 comhpháirt a cuireadh faoi scrúdú os cionn an teora Luaidhe 20 mg/kg.

Léiríonn na sonraí ó Thábla 7 thuas go raibh leibhéil Luaidhe níos lú ná 5 mg/kg i bhformhór na samplaí comhphárteanna a tástáladh (616/798, sé sin 77%). Taispeánann na torthaí gur féidir le, agus gur ionduil le, déantóirí cosmaidí leibhéil luaidhe níos lú ná 5 mg/kg, a bhaint amach agus go bhféadfaí breathnú ar 5 mg/kg mar uasteora cuí do Luaidhe i gcosmaidí (bunaithe ar “dheachleachtas déantúsaíochta”) Ar an dóighe céanna, bíonn níos lú ná 0.1 mg/kg Caidmiam i bhformhór (653/798, sé sin 82%) na gcomhphárteanna.

Táthar ag súil go bhféadfaidh an Coimisiún AE na sonraí a úsáid le hathbheithniú a dhéanamh ar uasteora Luaidhe agus Caidmiam i gCosmaidí. Bheadh sé tairbheach teorainneacha reachtaíochta a bheith ann ar fud na hEorpa. Idir an dá linn, úsáidfear teora Luaidhe an BfR

mar thomhas eatramhach ar mhaithe le comhsheasmhacht sealadach.

Níor braitheadh aon Mhearcair in aon cheann de na 9 sampla a tástáladh dó sin (iad uilig < 0.25 mg/kg). Is ceist forfheidhmiú reachtaíochta é déileáil le táirgí cosmaideacha ina bhfuil an iomarca miotail throma (iad siúd a sháraíonn an reachtaíocht), agus is féidir leis an FSS (OSCanna) agus/nó an R. SI./L, gníomhaireacht náisiúnta tomhaltóirí (GNT) raon gníomhaíochtaí a fheidhmiú, ag áireamh aistarraingt trádála srl. Ní chlúdaíonn an reachtaíocht cosmaidí a bhíonn ceannaithe cheana féin ag an tomhaltóir áfach. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Cosmaidí laistigh den FSS i 2008 (Sláinte an Daonra/CPPL) le scrúdú a dhéanamh ar an riosca do shláinte an duine ó úsáid (ionchais) táirgí cosmaideacha atá truaillithe le leibhéil arda miotail throma, Luaidhe ach go háirithe. Táthar ag scrúdú go speisialta na cúinsí trína dtarlódh sé go mbeadh gá an táirge uilig a tharraingt siar ón pobail (cosmaidí a bhí ceannaithe cheana féin san áireamh).

6.3.2 Hidreacuineon in ionach craiceann srl.

Tá cáil ar tháirgí Hidreacuineon ar mhargáí na hÁise agus na hAfraice mar gheall ar a n-airíonna d'éadromú craicinn, agus iad ar fáil go minic i dtáirgí cosmaideacha a dhíoltar i siopaí “Eitneacha”. Úsáidtear iad seo ar an gcraiceann féin go ginearálta (m.sh. ionach craiceann, olaí, lóiseanna) le píosaí den chraiceann a bhíonn roinnt dorcha a éadromú agus le rudaí ar nós breicní agus <http://dermnetnz.org/colour/melasma.html> chloasma (ar a dtugtar melasma freisin), spotaí aoise agus aicne a éadromú chomh maith.

Faoi reachtaíocht AE, ní cheadaítear hidreacuineon ach mar (a) gníomhaire ocsaídiúcháin dathú gruaise d'úsáid ghairmiúil amháin ag uasleibhéal de 0.3% agus (b) d'úsáid ghairmiúil i gcórais ingne bréige, suas go dtí 0.02%.

Tá sé in aghaidh an dlí Hidreacuineon (ag aon leibhéal) a úsáid i ndath fabhraí/malaí nó mar ghníomhaí d'éadromú craicinn mar gheall ar imní faoina shábháilteacht.

Deineadh tástáil ar 49 sampla i 2008 ó shamplaí a bhailigh OSCanna i siopaí Eitneacha timpeall na tíre. Bhí hidreacuineon i bhfiche a trí (47%) de na samplaí, suas go dtí uastiúchan de 4.9%

Tiúchan Hidreacuineon	Líon Samplaí
0.01 – 2.0 %	4
2.1 – 3.0 %	2
3.1 – 4.0 %	3
4.1 – 5.0 %	14

Eisíodh sé rabhadh RAPEX as Éirinn i 2008 faoi tháirgí a bhfuarthas hidreacuineon iontu. Tháinig péire acu seo as samplaí a tástáladh i 2007, péire as samplaí a tástáladh i 2008, agus péire do tháirgí ina raibh sé luaite ar a lipéad go raibh hidreacuineon iontu.

6.3.3 Para-Phenylenediamine i nDathanna Gruaige.

De bharr cuid mhaith rabhaidh RAPEX, fuarthas samplaí dath gruaige anseo le tástáil do para-phenylenediamine, dath gruaige atá ceadaithe go coinníollach le huasteora de 6%. Réitíodh modh anailíse agus tástáladh 4 shampla i 2008. Bhí na torthaí idir 11.6 agus 15.8%. Measadh na torthaí bheith ag cloí leis an reachtaíocht mar go raibh na táirgí le tanúchán sula n-úsáidí iad (rud a thabharfadh na tiúchain faoi 6%). Tá breis faireachais leagtha síos do 2009.

6.3.4 Diethylene glycol i dtaos Fiacla.

Ag éirí as Rabhadh RAPEX forbraíodh modh d'anailís diethylene glycol sa saotharlann seo i 2008. Tástáladh dhá shampla taos fiacla do diethylene glycol (DEG). Ní raibh DEG i gceachtar acu.

Tá faireachas le déanamh i 2009 ar an taos fiacla a bhíonn ar an margadh.

6.3.5 Ionradaíocht Cosmaidí.

Úsáideadh modh scagthástála le 101 sampla a thástáil d'ionradaíocht (PPSL). Deirtear go mbíonn na samplaí dearfach, idirmheánach nó diúltach. Seo iad na torthaí a bhí ann: 9 sampla “dearfach”, 20 sampla “Idirmheánach”: 72 sampla “diúltach”. Cuireadh isteach péire de na samplaí dearfacha do thástáil deimhniúcháin (SUERC, Albain, modh TL), agus dearbhaíodh go raibh an péire dearfach. Ní dhéileálann reachtaíocht na gcosmaidí le hionradaíocht cosmaidí*. Seoladh na torthaí chuig an údarás inniúil le tuairim a fháil ón gCoimisiún Eorpach.

*Ar an lámh eile, ceadaítear ionradaíocht i ngrúpaí bia ar leith ach ní mór ionradaíocht dá leithéid a bheith léirithe ar lipéad an bhia.

6.3.6 Lipéadú Cosmaidí.

Scrúdaíodh 10 sampla i 2008 féachaint an raibh siad ag cloí leis na riachtanais lipéadaithe sna Rialacháin Cosmaidí (I.R. Uimh. 870 de 2004). Ní raibh 5 shampla ag cloí leis na rialacháin.

6.3.7 Tástáil eile ar Chosmaidí.

Tastáladh comhdhéanamh (seoltacht, láidreacht alcóil, pH srl) 3 shampla rinseáil béil mar gheall ar ghearán tomhaltóra. Tástáladh sampla amháin eile do pH.

6.3.8 Achoimre agus Moltaí Ginearálta.

Achoimre

Níl caighdeán sásúil ag cuid mhaith de na cosmaidí branda saor/ísealchostas atá ag teacht isteach sa tír, go háirithe ón tSín. Bhí truailliú i roinnt táirgí cosmaideacha leanaí, truailliú Luaidhe den chuid is mó. Bhí na leibhéil Luaidhe (suas le 10,000 mg/kg, sé sin 1%) neamhghlactha do thomhaltóirí. Cé go bhfuil cineálacha Luaidhe ann, m.sh. Suilfid Luaidhe, nach bhfuil iontu ach riosca íseal, ní heol go díreach céard iad na rioscaí ceart do shláinte an duine óna táirgí le truailliú Luaidhe a bhfuil cuntas orthu thuas. Tá seo fíor go bunúsach toisc nach eol dúinn an cineál áirithe (an comhdhúil ar leith, tuaslagthacht an staid ocsaidiúcháin, méid cáithnín (m.sh. nano nó caighdeánach) srl) Luaidhe a bhíonn i láthair.

